Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# An Beartas Náisiúnta Spóirt 2018 – 2027

# An Plean Gníomhaíochta don Spórt 2024 – 2027



An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

# Réamhrá ón Aire Catherine Martin agus ón Aire Thomas Byrne

Tá fís uaillmhianach don spórt in Éirinn leagtha amach faoin mBeartas Náisiúnta Spóirt, atá dírithe ar pháirt a thabhairt do níos mó daoine i spórt mar rannpháirtithe gníomhacha agus sóisialta.

Rinneadh an-chuid dul chun cinn maidir leis an méid sin a bhaint amach agus tá foilsiú an Phlean Gníomhaíochta don Spórt 2024-2027 ina léiriú ar an dul chun cinn a rinneadh i ndáil le cúrsaí spóirt ón mbliain 2018 agus leagtar amach ann plean mionsonraithe de phointí gníomhaíochta suas chomh fada leis an mbliain 2027 le súil is go ndéanfaí tuilleadh dul chun cinn.

Mar Rialtas, táimid dúthrachtach faoi dheis a chur ar fáil do gach duine, de gach aois agus cumas, chun páirt a ghlacadh i spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil. Mar shampla, tá a fhios againn go dtagann laghdú ar rannpháirtíocht i measc déagóirí níos aosta agus tá gníomhartha leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta don Spórt chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb seo.

Chomh maith leis sin, táimid ag iarraidh pointe a bhaint amach ionas nach mbeadh aon bhac roimh dhuine a  bheith gníomhach go fisiciúil mar gheall ar mhíchumas.

I measc réimsí eile a dtugtar aghaidh orthu sa phlean seo, áirítear pleanáil a dhéanamh dár riachtanais áiseanna amach anseo, cén áit iad a lonnú agus cén cineál áiseanna a bheidh ag teastáil i bhfianaise dinimic daonra atá ag athrú; comhoibriú idir scoileanna agus clubanna spóirt a dhoimhniú; agus conas is fearr ullmhú do na saincheisteanna inbhuanaitheachta comhshaoil atá ann mar gheall ar an aeráid a mbeidh tionchar níos mó acu ar fheidhmiú na hearnála spóirt in Éirinn agus thar lear.

Mar náisiún, is le bród agus faoi dhraíocht a bhreathnaíomar ar thaispeántas Fhoireann na hÉireann ag na Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha i bPáras. Tá a fhios againn gur féidir éachtaí a bhaint amach trí dhíograis, tiomantas, agus dúthracht.

Is cuid dhaingean é dár gclár oibre go gcuirfear dlús le cur i bhfeidhm ár Straitéis Ardfheidhmíochta. Beidh tacaíocht bhreisithe ag teastáil sna blianta atá le teacht chun cur ar chumas Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Spóirt cláir ardfheidhmíochta seasmhacha dea-mhaoinithe a chur i gcrích agus muid ag breathnú chun cinn ar Chluichí Los Angeles sa bhliain 2028.

Ón tráth a seoladh an Beartas Náisiúnta Spóirt in 2018, tá an chuid is mó den 57 Gníomh curtha i gcrích. Mar gheall ar an gcineál gnímh atá i gceist i gcás roinnt gníomhartha, ní chuirfear iad i gcrích go hiomlán choíche agus ní mór aird a thabhairt orthu ar bhonn leanúnach.

Tríd an bPlean Gníomhaíochta don Spórt 2024-2027 a fhoilsiú, déanaimid treochlár a leagan amach chun spórt in Éirinn a chur chun cinn tuilleadh agus táimid ag súil le huaillmhianta an phlean a fhíorú.





An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán,
Catherine Martin TD





An tAire Stáit don Spórt, don Chorpoideachas agus don Ghaeltacht,
Thomas Byrne TD

**Comhaltaí an Ghrúpa Ceannaireachta Spóirt 2024**

| | |
|---|---|
| Nina Arwitz | Obair Dheonach Éireann |
| Karl Dunne | Ireland Active |
| Sarah Keane | Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann |
| Paula Keatley | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige |
| Deirdre Lavin | Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Shligigh |
| An Dr Una May | Spórt Éireann |
| Stephen McNamara | Cumann Parailimpeach na hÉireann |
| Ciara Molloy | An Roinn Oideachais |
| John Mullholland | Comhairle Contae Laoise (CCMA Rep) |
| Mary O'Connor | Cónaidhm Spóirt na hÉireann |
| Shane O'Connor | Coimisiún Lúthchleasaithe Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann |
| Brenda O'Donnell | Active Disability Ireland |
| Colin O'Hehir | An Roinn Sláinte |
| Cian Ó Lionáin | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán |
| Alan Quinlan | Craoltóir & Iar-imreoir idirnáisiúnta Rugbaí de chuid na hÉireann |

# Gluais

| | |
|---|---|
| **CSPPA** | An Staidéar ar Rannpháirtíocht Leanaí sa Spórt agus i nGníomhaíocht Fhisiciúil |
| **DAF** | Ciste na gCuntas Díomhaoin |
| **DoE** | An Roinn Oideachais |
| **DRCD** | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail |
| **DTCAGSM** | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán |
| **EPA** | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| **ERDF** | Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa |
| **ESF+** | Ciste Sóisialta na hEorpa Plus |
| **AE** | An tAontas Eorpach |
| **FAI** | Cumann Peile na hÉireann |
| **GIA** | Éirigh Gníomhach in Éirinn |
| **I-PARC** | Comhar Taighde na hÉireann um Ghníomhaíocht Choirp |
| **ISM** | Monatóir Spóirt na hÉireann |
| **LGBTI+** | Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach agus Idirghnéasach + |
| **LSP** | Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt |
| **LSSIF** | An Ciste um Bonneagar Spóirt Mórscála |
| **NGB** | Comhlacht Rialaithe Náisiúnta |
| **NGO** | Eagraíocht Neamhrialtasach |
| **NSP** | An Beartas Náisiúnta Spóirt |
| **PE** | Corpoideachas |
| **SAP** | An Plean Gníomhaíochta don Spórt |
| **SCEP** | An Clár Caipitil agus Trealaimh Spóirt |
| **SDG** | Sprioc Forbartha Inbhuanaithe |
| **SEAI** | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| **SHARE** | SportHub: An Chomhghuaillíocht um fhorbairt Réigiúnach san Eoraip |
| **SITE** | Trealamh Spriocdhírithe Spórt Éireann |
| **UNESCO** | Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe |
| **NA** | Na Náisiúin Aontaithe |
| **CBL** | Cáin Bhreisluacha |
| **VI** | Obair Dheonach Éireann |

# 1

# Infheistíocht i Spórt

Ní raibh leibhéal infheistíochta an Rialtais i spórt chomh hard céanna riamh. Go deimhin, tá an sprioc chun an buiséad spóirt bliantúil a dhúbailt go €220 milliún faoin mbliain 2027, i gcomhréir leis an ngealltanas a leagtar amach sa Bheartas Náisiúnta Spóirt, bainte amach le Buiséad 2025. Ós rud é go bhfuiltear á thuar go mbeidh an t-airgeadas poiblí seasmhach amach anseo, agus i bhfianaise an ratha sa spóirt atá á léiriú ar bhonn leanúnach, mar aon leis na tairbhí folláine a bhaineann leis do dhaoine aonair agus pobail ar fud na tíre mar gheall ar an infheistíocht seo, is féidir linn a bheith muiníneach go leanfar le tacaíocht rialtais don spórt.









In ainneoin na dtionchar agus na dtairbhí dearfacha atá ina dtoradh ar na méaduithe comhiomlána a baineadh amach bliain i ndiaidh bliana, creidimid gur féidir na tionchair agus tairbhí sin a mhéadú tuilleadh fós trí chur chuige ilbhliantúil a chur i bhfeidhm i dtaca leis na leithdháiltí lárnacha bliantúla a tugadh dár gcomhlachtaí spóirt go dtí seo. Ón mbliain 2025 ar aghaidh, tá sé i gceist againn gluaiseacht i dtreo córas leithdháilte buiséid trí bliana d'fhonn éascaíocht a dhéanamh ar chinnteacht phleanála níos mó dár gcomhlachtaí spóirt agus deiseanna feabhsaithe a chur ar fáil dóibh chun na leibhéil foirne a theastaíonn a earcú agus a choinneáil.

Beidh ceisteanna i dtaca le pleanáil infheistíochta níos fadtéarmaí go mór chun cinn le linn na tréimhse atá le teacht. Chomh maith leis sin, is gníomhartha tábhachtacha a bheidh le tabhairt fúthu ná gníomhartha ar nós an earnáil a chur i riocht chun leas a bhaint as deiseanna maoinithe nua agus atá ag teacht chun cinn ag leibhéal an AE go háirithe, mar aon le cur leis an acmhainn a d'fhéadfadh a  bheith i gceist le ranníocaíocht dhaonchairdiúil.  Trí bhíthin Cuntais Satailíte Spóirt, ar ionstraim é a bhfuil níos mó leasa á bhaint as ar fud an Aontais Eorpaigh, déanfar iniúchadh freisin ar an tairbhe déanta beartais a d'fhéadfadh a bheith i gceist mar thoradh ar chreat staitisticiúil láidir chun tábhacht gheilleagrach thionscal an spóirt in Éirinn a thomhas.

| Tag. | Gníomh | Treoraí | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|
| 1 | D'fhonn feabhas a chur ar chumas pleanála agus cobhsaíocht oibríochta ár gcomhlachtaí spóirt, cuirfimid cur chuige ilbhliantúil i bhfeidhm i ndáil le leithdháiltí maoinithe lárnacha do chomhlachtaí spóirt, ag brath ar sholáthar an bhuiséid agus go gcloífeadh na comhlachtaí spóirt ar bhonn leanúnach leis na riachtanais rialachais atá i bhfeidhm. | DTCAGSM/ Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 2 | D'fhonn tuilleadh comhoibriú idir réimse spóirt dhifriúla a chur chun cinn, iniúchadh a dhéanamh ar an ról agus na tairbhí comhroinnte a d'fhéadfadh a bheith i gceist le comhchiste tiomnaithe a chur ar bun, lena n-áirítear an bhaint a d'fhéadfadh a bheith ag gnónna nó deontóirí aonair nó ó dhaonchairdeas i gcoitinne. | Cónaidhm Spóirt na hÉireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 3 | Eolas agus acmhainn na hearnála a chur chun cinn agus a fhorbairt chun leas a bhaint as deiseanna maoinithe spóirt i gcláir de chuid an AE (ERDF, ESF+, Erasmus+, SHARE). | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 4 | Iniúchadh a dhéanamh ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith i gceist le Cuntais Satailíte a fhorbairt don earnáil spóirt d'fhonn tuiscint ar a luach do gheilleagar na hÉireann a mhéadú. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |

# 2


# Rannpháirtíocht Ghníomhach agus Shóisialta

Cé gur cuireadh isteach ar ár bpleananna do rannpháirtíocht ar feadh tamaill mar gheall ar an bpaindéim, le linn na tréimhse idir 2020 agus 2022, bhí teacht aniar na hearnála spóirt le feiceáil go soiléir. Cé nach bhfuil an damáiste a rinneadh don earnáil curtha ina cheart mar a bhíodh sé go fóill, go háirithe i dtaca le leibhéil na n-oibrithe deonacha, tá rannpháirtíocht ghníomhach i spórt ar ais ag an leibhéal mar a bhíodh roimh an bpaindéim (2019) ag 46%. Faoi dheireadh na bliana 2023, ba léir gur tháinig méadú beag ar rannpháirtíocht ghníomhach go 47%, ar forbairt í atá an-dearfach agus forbairt a bhfuil an-fháilte roimpi.

Tá tiomantas leanúnach do na spriocanna rannpháirtíochta do 2027, le tacaíocht ó líon bearta agus tionscnaimh bharrthábhachtacha de réir mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta seo, ag teastáil chun dul chun cinn a dhéanamh de réir a chéile i treo na spriocanna foriomlána – 60% do rannpháirtíocht ghníomhach agus 55% do rannpháirtíocht shóisialta. Gan amhras, is spriocanna an-deacair agus an-dúshlánach iad seo agus seans nach mbeifear in ann iad a bhaint amach go hiomlán ach lasmuigh den chreat ama a aithníodh roinnt blianta ó shin. Is amhlaidh an cás, áfach, go bhfuil an tábhacht a bhaineann leo mar chuspóir beartais spóirt go hiomlán bailí agus inmholta i gcónaí i dtaca le réimse leathan tairbhí don tsochaí, d'fholláine an duine aonair agus don tsochaí i gcoitinne in Éirinn araon, ó thaobh na sochaí de, go sóisialta, agus ó thaobh an gheilleagair de.

Tá roinnt de na gníomhartha tábhachtacha atá pleanáilte don chéad cúpla bliain eile dírithe ar aghaidh a thabhairt ar chás na n-oibrithe deonacha spóirt, d'fhonn fhorbairt a dhéanamh ar an ról ríthábhachtach a bheidh ag Beartas nua Spórt Éireann maidir leis an Obair Dheonach sa Spórt.  Ó thaobh na rannpháirtíochta gníomhaí de, tá sé i gceist againn Pleananna Áitiúla Spóirt a fhorbairt i ngach aon limistéar Údaráis Áitiúil, agus chun díriú go háirithe ar leibhéal níos fearr rannpháirtíochta i spórt i measc leanaí agus aosaigh óga. Chomh maith leis sin, táimid chun an Straitéis Náisiúnta Snámha nua a chur i bhfeidhm, ar spórt tosaíochta é a aithníodh sa Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027.  Chomh maith leis sin freisin, tabharfar tús áite do chur i bhfeidhm Téigh Amach Faoin Aer: Straitéis Náisiúnta Áineasa Faoin Aer 2023-2027.





Ar bhonn níos leithne, d'fhonn daonra níos gníomhaí a bhaint amach ar fud an tsaolré ar fad idir leanaí agus daoine aosta, is gá go mbeadh ról ag gach spórt ina nglacann daoine páirt, tríd an réimse leathan spóirt aonair mar aon le spóirt atá bunaithe ar fhoirne a chur san áireamh.  Is gné thábhachtach maidir le dlús a chur le tuilleadh rannpháirtíochta agus inbhunaitheacht eagraíochtaí spóirt an réimse leathan spóirt atá ar fáil a chur os comhair an daonra ar fad trí thuairisciú spóirt agus craoltóireacht spóirt, ar aidhmeanna iad seo a gcuideofar leo trí chur i bhfeidhm rathúil Mholadh 7-9 den Tuarascáil ó Choimisiún um Thodhchaí na Meán (2023):Straitéis Forfheidhmithe agus Plean Gníomhaíochta.

| Tag. | Gníomh | Treoraí | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|
| 5 | Tacaíocht a thabhairt do leathadh amach Pleananna Spóirt Áitiúla i ngach aon limistéar Údaráis Áitiúil, ag teacht le cur chuige comhairleach, fís agus cuspóirí a leagtar síos sa Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 6 | Níos mó deiseanna chun oibriú go deonach mar aon le ballraíochtaí sóisialta agus imeartha i gclub spóirt a éascú agus a chur chun cinn trí thacú le níos mó comhoibriú idir NGBnna, LSPnna agus eagraíochtaí spóirt phobalbhunaithe ar nós na moil spóirt pobail, ionaid d'oibrithe deonacha áitiúla agus seirbhísí óige. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 7 | Tús áite a thabhairt don laghdú i rannpháirtíocht i measc déagóirí agus aosaigh óga a laghdú trí thionscadal comhoibríoch tras-spóirt le NGBnna (laistigh/lasmuigh/foirne/aonair) agus LSPnna ar leith chun iniúchadh a dhéanamh ar dhóigheanna chun rannpháirtíocht leanúnach daoine óga a chur chun cinn ar feadh meascán éagsúil spóirt i dtimpeallachtaí pobail agus oideachais araon. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 8 | Plean um Litearthacht Fhisiciúil 2024-2028 a fhorbairt chun comhairle a thabhairt maidir le cláir um litearthacht fhisiciúil a leathadh amach do dhéagóirí agus aosaigh óga i dtimpeallachtaí pobail agus oideachais araon. | Spórt Éireann/ An Roinn Oideachais | Gach Páirtí Leasmhar |
| 9 | Ag féachaint le cuspóirí straitéiseacha Bheartas Spórt Éireann maidir leis an Obair Dheonach a Spórt, iniúchadh a dhéanamh ar an acmhainn chun clár oiliúna creidiúnaithe, roghnach maidir le hoibrithe deonacha a bhainistiú lena chur san áireamh agus lena bhailíochtú ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. | Obair Dheonach Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 10 | Bearta agus tionscnaimh a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na grádáin shuntasacha rannpháirtíochta i measc daoine ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, daoine faoi mhíchumas, an pobal LADT+, an Pobal Taistealaithe agus mionlaigh eitneacha eile. Leas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil ón gclár ESF+ nua, Sport 4 Empowerment', a bheidh ina phríomhchuid dár straitéis forfheidhmithe. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 11 | Treoir agus tacaíocht a chur ar fáil d'eagraíochtaí spóirt chun rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas a mhéadú i róil mar oibrithe deonacha i spórt. Infheictheacht na ndeiseanna seo mar oibrí deonach a fheabhsú. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 12 | An Plean Náisiúnta Snámha a chur i bhfeidhm. | DTCAGSM/ Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |

# 3

# Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Tosaíocht uileghabhálach atá ann i gcónaí is ea comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú níos fearr i spórt a chur chun cinn, i ngach cuid den earnáil, a bheidh mar threoir maidir leis an bplean seo a chur i bhfeidhm. Baineann an riachtanas le spórt do dhaoine faoi mhíchumas go háirithe, áit a bhfuil grádán rannpháirtíochta ann i gcónaí idir na daoine sin a bhfuil breoiteacht fhadtéarmach orthu nó a bhfuil míchumas orthu agus iad sin nach bhfuil breoiteacht ná míchumas dá leithéid orthu. Tá sé le tuiscint nach bhfuil an téarma *spórt do dhaoine faoi mhíchumas* teoranta do ghníomhaíocht spóirt i dtimpeallacht fhoirmiúil nó iomaíoch ach ina ionad sin go gcuimsíonn an téarma spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil sa chiall is leithne den téarma lena n-áirítear gluaiseacht agus gníomhaíocht a chuireann go dearfach le folláine fhisiciúil agus mheabhrach duine. Is cúram é seo ar cúram ríthábhachtach é don Rialtas aghaidh a thabhairt ar an ngrádán seo.

Ó thaighde a rinne Spórt Éireann, léirítear gur ag 20% atá an grádán i láthair na huaire (2023), i gcomparáid leis an leibhéal 17% (2019) roimh an bpaindéim. Is ríléir go bhfuil an staid do dhaoine a bhfuil breoiteacht fhadtéarmach orthu nó atá faoi mhíchumas i bhfad níos déine agus níos dúshlánaí ná mar atá do dhaoine eile. I bhfianaise mharthanacht an ghrádáin reatha, in ainneoin tacaíochtaí maoinithe gan fasach, tá an cúram maidir leis an sprioc rannpháirtíochta aitheanta 40% a bhaint amach faoin mbliain 2027 ag éirí níos dúshlánaí fós agus tá spreagadh agus fócas breise ag teastáil ar fud na tírdhreiche spóirt ar fad, a mbeidh cuir chuige níos gearrthéarmaí agus níos fadtéarmaí i gceist leo.

Sa ghearrthéarma, i gcomhréir le béim bhreise an Rialtais ar rannpháirtíocht fhiúntach agus ghníomhach daoine faoi mhíchumas sa tsochaí a bhaint amach, féachfaimid le feasacht níos mó a chur chun cinn ar dheiseanna rannpháirtíochta ag leibhéal na háite, maidir le hiad sin atá ann faoi láthair agus a bheidh le forbairt le linn na tréimse atá le teacht.



Chomh maith leis sin, oibreoimid i ndlúthchomhar leis na comhlachtaí spóirt d'fhonn a chinntiú go mbeidh an riachtanas follasach chun tuilleadh ionchuimsitheachta i spórt, go háirithe ar fud réimse níos leithne de spóirt aonair, ina chuid bhunúsach de leagan amach agus soláthar praiticiúil na tairiscinte spóirt. San fhadtéarma, measaimid go bhfuil sé in am trátha athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige reatha i leith spórt do dhaoine faoi mhíchumas d'fhonn na féidearthachtaí a chinntiú maidir le bearta breise agus dreasachtaí spriocdhírithe a thabhairt isteach chun dlús a chur le feasacht agus athrú cultúir mar aon le haghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí a aithníodh sa chur chuige reatha.

Le linn na tréimhse atá le teacht, chun móiminteam láithreach agus breise a chur ar fáil, tá sé i gceist againn Ceanasaí faoi leith maidir le "Míchumas sa Spórt" a cheapadh laistigh de Spórt Éireann agus tá sé beartaithe againn an tairbhe is mó agus is féidir a bhaint as bunachar sonraí Éirigh Gníomhach in Éirinn de shaoráidí agus conláistí spóirt agus áineasa.

Ní le spórt do dhaoine faoi mhíchumas amháin a bhaineann an dúshlán maidir le hionchuimsitheacht níos fearr i spórt a bhaint amach. Go háirithe, leagtar amach i mBeartas Spórt Éireann maidir le Mná i Spórt tiomantas an Rialtais agus Spórt Éireann do mhná i spórt lena chinntiú go mbeidh an deis chéanna ag mná agus cailíní barr a gcumas a bhaint amach, le linn dóibh a bheith rannpháirteach agus bainteach le spórt ar feadh an tsaoil. Chomh maith leis sin, ní mór an deis a thabhairt do ghrúpaí eile sa tsochaí, mar shampla mionlaigh eitneacha, LADT+, an Pobal Taistealaithe, daoine aosta agus daoine a bhfuil stádas faoi mhíbhuntáiste acu, páirt a ghlacadh i spórt agus sult a bhaint as na tairbhí a bhaineann leis.

| Tag. | Gníomh | Treoraí | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|
| 13 | Ceannasaí Míchumas sa Spórt a cheapadh laistigh de Spórt Éireann chun ceannaireacht fhócasaithe agus infheistíocht dhírithe a chur ar fáil d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na spriocanna NSP do rannpháirtíocht mhéadaithe i measc daoine a bhfuil breoiteacht fhadtéarmach orthu nó atá faoi mhíchumas. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 14 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige reatha i ndáil le spórt do dhaoine faoi mhíchumas a sholáthar d'fhonn bearta agus dreasachtaí feabhsaithe a fhorbairt chun níos mó deiseanna rannpháirtíochta a chur chun cinn. | DTCAGSM/Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 15 | Glacadh NGBnna agus LSPnna le Bunachar Sonraí Éirigh Gníomhach in Éirinn a fhorbairt agus a neartú agus cur chuige trasearnála i leith comhroinnt sonraí a chur chun cinn ar mhaithe le cách a bhfuil spéis acu páirt a ghlacadh i spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 16 | Feidhm a bhaint as Bunachar Sonraí Éirigh Gníomhach in Éirinn de shaoráidí agus conláistí spóirt agus áineasa trí ardáin cumarsáide líonmhara atá saincheaptha do ghrúpaí agus pobail eitneacha chun próifíl agus infheictheacht deiseanna rannpháirtíochta ionchuimsitheacha a mhéadú. Tabharfar tús áite d'imeascadh rathúil daoine atá nua sa phobal ina bpobail áitiúla spóirt sa chomhthéacs seo. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 17 | Beartais agus Pleananna Gníomhaíochta Spórt Éireann a chur i bhfeidhm maidir le hÉagsúlacht agus Ionchuimsiú, Rannpháirtíocht daoine faoi Mhíchumas i Spórt, agus Mná i Spórt. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 18 | A chinntiú go ndéantar ionadaíocht inscne 40% ar bhoird eagraíochtaí náisiúnta spóirt a bhaint amach agus a choinneáil araon le 50% de mhaoiniú Stáit (seachas Mná i Maoiniú Spóirt) a choinneáil siar ó Chomhlachtaí Náisiúnta Rialaithe agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt chomh fada leis an tráth a mbaintear ionadaíocht inscne 40% amach. | DTCAGSM | Gach Páirtí Leasmhar |

4

# Áiseanna agus Imeachtaí

Níl aon amhras faoi ach go bhfuil cóngaracht áiseanna spóirt, bíodh siad lonnaithe i dtimpeallacht club foirmiúil nó lonnaithe i bpáirc phoiblí áitiúil nó i limistéar conláiste eile, an-fhabhrach maidir le rannpháirtithe ionchasacha a mhealladh i dtreo an spóirt. Tá an leibhéal rannpháirtíochta ag méadú i spórt féin-eagraithe, mar a thugtar air, agus i ngníomhaíocht fhisiciúil i dtimpeallachtaí pobail agus conláiste poiblí. Léiríonn Monatóir Spóirt na hÉireann gur aclaíocht phearsanta an cineál spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla is coitianta faoina dtugtar i gcónaí. Dá bharr sin, déanfaimid infheistíocht i dtrealamh spóirt a bhfuil teacht ag an bpobal air, atá ar chostas íseal, agus buan, a chur ar fáil.

Mar gheall ar phróifíl dhéimeagrafach agus roghanna spóirt phearsanta atá ag athrú, beidh gá ar ndóigh le coigeartuithe tréimhsiúla a dhéanamh ar thacaíochtaí don soláthar áiseanna, ar nós an riachtanas gníomhú go héifeachtach i leith riachtanais éagsúla baineanna/fireanna i leagan amach agus trealamh áiseanna. Tiocfaidh ceisteanna den chineál céanna chun cinn i ndáil le míchumas, inrochtaineacht. Ina theannta sin, beidh gá níos mó fós le cur chuige níos straitéisí arís a ghlacadh maidir le háiseanna a lonnú. Chomh maith leis sin, beidh sé riachtanach breithniú a dhéanamh ar chlubanna nua a fhorbairt agus dul i ngleic le fadhbanna acmhainne i gclubanna reatha chun borradh a chur faoi leibhéil bhallraíochta. Dá bharr sin, tá sé beartaithe anailís cuimsitheach a dhéanamh ar éileamh i dtaca le riachtanais amach anseo.






Beidh forbairt leanúnach Champas Spórt Éireann ina hardtosaíocht i gcónaí. Tá roinnt tionscadail thábhachtacha sa phíblíne forbartha cheana féin agus beidh cinn eile le cur chun cinn i gcomhréir le Fís Mháistirphlean an Champais de réir mar a bheidh fáil ar mhaoiniú.

Trí imeachtaí idirnáisiúnta spóirt ar scála beag a reáchtáil ar Champas Spórt Éireann agus i láithreacha eile ar fud na tíre, d'fhéadfaí cur go mór le forbairt na hearnála spóirt in Éirinn. Tá deiseanna suntasach i gceist i dtaca leis sin agus beidh turasóireacht iarmharthach agus tairbhí gaolmhara i gceist leis do phobail áitiúla agus tabharfaimid tacaíocht airgid d'imeachtaí dá leithéid a reáchtáil sna blianta atá le teacht.

| Tag. | Gníomh | Treoraí | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|
| 19 | Infheistíocht a dhéanamh i ndeontais chaipitil agus trealaimh spóirt ísealchostais chun trealamh spóirt buan a cheannach agus a shuiteáil a d'fhéadfaí a lonnú ar thalamh a bheidh ar fáil don phobal le húsáid a bhaint as. In éineacht leis an infheistíocht seo, cuirfear maoiniú ar fáil chun cóngas leis an dúlra a chur chun cinn agus leagfar béim faoi leith ar thacú le bithéagsúlacht na gcomhshaol ar thalamh dá leithéid. | DTCAGSM | Gach Páirtí Leasmhar |
| 20 | D'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar na riachtanais ar leith atá ag mná agus cailíní in áiseanna agus spásanna spóirt, taighde a dhéanamh ar an deis chun feabhsuithe ar leagan amach a thabhairt isteach. | DTCAGSM | Gach Páirtí Leasmhar |
| 21 | Tabhairt faoi anailís ar éileamh ar scéimeanna tacaíochta caipitil reatha d'fhonn an leibhéal maoinithe atá ag teastáil a fháil amach chun leibhéil éilimh reatha agus amach anseo in eagraíochtaí spóirt, cineálacha agus cohóirt spóirt sa daonra a ndearnadh tearcionadaíocht orthu go dtí seo a chomhlíonadh. Beidh ábhar na sonraí agus ról Éirigh Gníomhach in Éirinn mar chuid den anailís seo. | DTCAGSM | Gach Páirtí Leasmhar |
| 22 | Clár forbartha caipitil marthanach, ilbhliantúil a chur i bhfeidhm d'fhonn fíorú céimnitheach Fís Mháistirphlean Champas Spórt Éireann, dá gcuirfear tús áite i gcomhréir le riachtanais lúthchleasaithe agus fás na hearnála spóirt in Éirinn. | DTCAGSM/ Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 23 | Tar éis foilsiú an Chreat Beartais agus Straitéise um Mórimeachtaí Idirnáisiúnta Spórt, iniúchadh a dhéanamh ar roghanna i dtaca le critéir leagáide ar leith sa phróiseas measúnaithe agus imeachtaí a chur ar fáil d'fhonn tairbhí rannpháirtíochta leanúnacha a uasmhéadú. | DTCAGSM | Gach Páirtí Leasmhar |
| 24 | Scéim maoinithe a bhunú chun tacú le himeachtaí idirnáisiúnta spóirt ar scála níos lú a óstáil. | DTCAGSM/ Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |

5

# Spórt agus Oideachas

Tá ceangal láidir agus go leor comhréimsí leasa idir spórt agus oideachas. Mar Rialtas, tá sé i gceist againn oibriú chun rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil i ngníomhaíocht fhisiciúil agus spórt a chur chun cinn, do gach earnáil den tsochaí, agus do phobail. Gné bharrthábhachtach den stratéis fhoriomlán is ea sláinte phearsanta, folláine agus gníomhaíocht fhisiciúil daoine óga a spreagadh, a bhfuil ábharthach agus tábhacht faoi leith ag baint leis sin dóibh sin i dtimpeallacht oideachais.









Le linn thréimse an Phlean Ghníomhaíochta seo, déanfaimid ár ndícheall chun leibhéal na gníomhaíochta fisiciúla inár scoileanna a uasmhéadú. Tabharfar faoi líon tionscnamh ar leith i dtaca leis sin, lena n-áirítear go háirithe forbairt an tionscadail "Bratach Scoile Gníomhaí", ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile go háirithe.

Chomh maith leis sin, féachfaimid le tacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht idir clubanna spóirt agus scoileanna mar aon le tacaíocht a thabhairt do chomhoibriú níos fearr idir scoileanna agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt. Tabharfar tús áite d'aird a thabhairt ar níos mó chomhroinnte áiseanna idir clubanna spóirt agus scoileanna, lena n-áirítear an riachtanas chun níos mó úsáide a bhaint as áiseanna scoile lasmuigh d'uaireanta scoile a bhaint amach.

| Tag. | Gníomh | Treoraí | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|
| 25 | Tacaíocht a thabhairt d'fhás agus forbairt an chláir "Bratach Scoile Gníomhaí" ag an leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile. | An Roinn Oideachais | Gach Páirtí Leasmhar |
| 26 | LSPnna agus NGBnna a spreagadh chun oibriú i gcomhar le gach scoil, lena n-áirítear scoileanna atá rannpháirteach sa chlár "Bratach Scoile Gníomhaí". | Spórt Éireann | All Relevant Stakeholders |
| 27 | An úsáid a bhaintear as áiseanna spóirt scoileanna a mhéadú trí chur chun cinn dhoiciméad na Nósanna Imeachta maidir le Foirgnimh Scoile agus Áiseanna Spóirt Scoile a úsáid lasmuigh d'Uaireanta Scoile, ar trí sin a chuirfear le feasacht agus a fheabhsófar rochtain do phobail áitiúla. | | Gach Páirtí Leasmhar |
| 28 | Príomh-chomhordaitheoir laistigh de Spórt Éireann a aithint a bheidh in ann dul i dteagmháil le LSPnna agus NGBnna agus cuidiú leo ina gcuid cumarsáide le scoileanna maidir le tionscnaimh gníomhaíochta coirp, lena n-áireofar cumarsáid le Bratach na Scoileanna Gníomhacha agus scoileanna atá rannpháirteach sa chlár sin. | | Gach Páirtí Leasmhar |
| 29 | Dul i gcomhairle le scoileanna agus le páirtithe leasmhara ábhartha, chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le treoir i dtaca le cultacha bunscoile agus iar-bhunscoile le cumas foghlaimeoirí a fheabhsú chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht choirp ar feadh an lae scoile. | An Roinn Oideachais | Gach Páirtí Leasmhar |
| 30 | Tuarascáil a chur le chéile agus moltaí a thagann chun cinn ón bhFóram Náisiúnta maidir le Corpoideachas a bhreithniú. | An Roinn Oideachais | Gach Páirtí Leasmhar |

# 6

# Spórt agus Inbhuanaitheacht

D'fhonn an sprioc um neodracht charbóin a bhaint amach faoin mbliain 2050, tá comhghníomhaíocht na n-earnálacha ar fad ag teastáil. Ar nós earnálacha eile, ní mór go mbeadh spórt ag gluaiseacht de réir a chéile i dtreo na neodrachta carbóin sna blianta atá le teacht. Beidh sé dúshlánach, agus beidh fadhbanna agus deacrachtaí i gceist, ar dócha go mbeidh athruithe ar an dóigh a rinneadh nó a eagraíodh rudaí i gcónaí go dtí seo ag teastáil ina leith. Mar sin féin, níl aon chúis againn a chreidiúint nach mbeidh an earnáil inchurtha leis an dúshlán agus an toradh atá ag teastáil a bhaint amach. I dtuarascáil ón gCoimisiún Eorpach sa bhliain 2023 'Sport's contribution to the European Green Deal: a sport sector playbook', tarraingítear aird ar raon tionscnaimh agus céimeanna barrthábhachtacha atá le breithniú sa chomhthéacs seo.

Beidh pleanáil éifeachtach agus dlúthchomhairle ina ngnéithe bunriachtanacha. Beidh an dá riachtanas seo mar bhonn agus thaca ag gníomhartha a bhfuil sé i gceist againn tabhairt fúthu sa réimse seo le linn na tréimhse atá le teacht. Chomh maith leis sin, ní mór dúinn a aithint go bhfuil áit faoi leith ag spórt, mar gheall ar an bhfor-rochtain fhairsing a bhaineann leis ar fud rannpháirtithe, an lucht leantóirí agus leantóirí sna meáin atá aige, chun feabhsuithe comhshaoil a chur chun cinn agus gníomhaíocht i dtaca le hinbhuanaitheacht a spreagadh i gcoitinne.









Féachfaimid le cinnte a dhéanamh de go mbeidh an acmhainn seo chun cinn i gcónaí i dtaca lenár ngníomhaíochtaí pleanáilte a chur i gcrích.

Gné ríthábhachtach a bheidh i gceist leis sin ná tacaíochtaí agus treoir phraiticiúil a chur ar fáil don earnáil. Beidh sé ina riachtanas ag eagraíochtaí spóirt réimse éagsúil bearta inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm chun fuinneamh agus úsáid uisce a laghdú agus tomhaltas diomailteach plaisticeach, teicstílí agus acmhainní eile a chosc. Gheofar tacaíocht shaineolaíoch ó eintitis ar nós SEAI agus an EPA sa chomhthéacs seo.

| Tag. | Gníomh | Treoraí | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|
| 31 | D'fhonn forbairt a dhéanamh ar obair ar tugadh fúithi cheana féin maidir leis an NSP a mhapáil do SDGnna na NA, Grúpa Oibre um Inbhuanaitheacht Spóirt agus Chomhshaoil a bhunú chun cuidiú le forbairt agus cion oibre na hearnála, agus í a threorú agus a bharrfheabhsú i ndáil leis an tionchar a imrítear ar an aeráid mar gheall ar rannpháirtíocht ghníomhach i spórt agus mar gheall ar thaisteal lucht leanúna a laghdú. | DTCAGSM | Gach Páirtí Leasmhar |
| 32 | Comhdháil um Inbhuanaitheacht Spóirt agus Chomhshaoil a thionól chun na príomhdhúshláin a thagann chun cinn i dtaca le spórt a aithint agus a bhreithniú d'fhonn eolas a chur ar fáil don Ghrúpa Oibre um Inbhuanaitheacht Spóirt agus Chomhshaoil maidir leis na príomhthascanna a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu chun ábhar treorach éifeachtach a fhorbairt. | DTCAGSM | Gach Páirtí Leasmhar |
| 33 | Modheolaíochtaí a chur ar bun chun inbhuanaitheacht chomhshaoil a chur chun cinn laistigh den earnáil spóirt i gcomhréir le dea-chleachtais an AE, trí leas a bhaint as líonraí reatha chun úsáid a bhaint as dea-chleachtais, iad a mhonatóiriú, iad a thuairisciú agus iad a mhalartú. | Spórt Éireann | All Relevant Stakeholders |
| 34 | Cuidiú le heagraíochtaí spóirt, Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt san áireamh, chun pleananna inbhuanaitheachta a fhorbairt maidir leis an lorg carbóin a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí a laghdú, lena n-áirítear rannpháirtíocht agus freastal ar a gcuid imeachtaí spóirt. | | Gach Páirtí Leasmhar |
| 35 | Athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha inbhuanaitheachta reatha i scéimeanna maoinithe caipitil spóirt Roinne agus coigeartuithe riachtanacha a chur i bhfeidhm i mbabhtaí i ndiaidh a chéile d'fhonn an dea-chleachtas a chinntiú i ndáil le hinbhuanaitheacht chomhshaoil. | | Gach Páirtí Leasmhar |
| 36 | I gcomhréir leis an mBeartas agus Creat Straitéiseach do Mhórimeachtaí Idirnáisiúnta Spóirt, cur chuige a chur i bhfeidhm maidir le himeachtaí dá leithéid a mhealladh agus a reáchtáil in Éirinn chun cur le tairbhí inbhuanaitheachta agus leagáide do spórt agus d'earnálacha gaolmhara ar nós na turasóireachta le linn na tionchair a bhaineann leis sin don aeráid ar nós astaíochtaí iompair, giniúint dramhaíola agus tógáil áiseanna nua spóirt a íoslaghdú. | DTCAGSM | Gach Páirtí Leasmhar |
| 37 | Treoir a fhorbairt maidir le hoiriúnú don athrú aeráide i dtaca le forbairt bhonneagair agus i dtaca le gníomhaíocht spóirt ina dtugtar aghaidh ar athruithe ar theocht, ar frasaíocht agus ar an bhaol tuilte. | DTCAGSM | Gach Páirtí Leasmhar |

# 7

# Rialachas agus Forbairt Acmhainne

Is gnéithe bunúsacha do chur i bhfeidhm an Bheartais Náisiúnta Spóirt 2018-2027 iad rialachas éifeachtach agus forbairt acmhainne láidir. Trí rialachas láidir, cinntítear go mbeidh ár ngníomhaíochtaí faoi threoir phrionsabail na trédhearcachta, na cuntasachta, agus na ceannaireachta eiticiúla, agus trí fhorbairt acmhainne, tugtar cumhacht don earnáil spóirt, lena n-áirítear institiúidí, pobail, agus daoine aonair chun ár spriocanna a bhaint amach le muinín agus inniúlacht.









Tugann spórt comhartha an-dearfach dá bpáirtithe leasmhara maidir le dea-rialachas a chur i bhfeidhm mar gheall gur dhearbhaigh formhór den earnáil go gcomhlíonann siad leis an gCód Rialachais do Spórt.  Mar sin féin, ní ceann scríbe ann féin an dea-rialachas ach is aistear leanúnach atá i gceist agus is bealach é i dtreo rath fadtéarmach a chinntiú, trí éascaíocht a dhéanamh ar fheidhmíocht eagraíochtúil agus ar chuspóirí comhaontaithe  mar aon le misean foriomlán a bhaint amach. Tá dea-rialachas ina ghné ríthábhachtach i dtaca le spórt a reáchtáil go héifeachtach agus go héifeachtúil, trí chinnteacht a thabhairt do pháirtithe leasmhara go bhfuil spórt slán sábháilte.

Dá bharr sin, tá sé bunriachtanach rialachas níos láidre a fhorbairt i spórt ag leibhéal na heagraíochta agus ag leibhéal an chórais araon chun muinín agus iontaoibh an phobail sa chóras spóirt a chinntiú. Trí chultúr maidir le feabhsú leanúnach a cothú, glacadh le haistriú digiteach, agus cloí leis na dea-chleachtais do chách, is féidir linn earnáil spóirt atá acmhainneach agus bríomhar a chruthú atá in ann gníomhú i leith dúshlán agus deiseanna a thagann chun cinn. Trí na gníomhartha seo a leanas, tugtar neart dár dtiomantas maidir le creataí rialachais a fheabhsú agus forbairt a dhéanamh ar na hacmhainní atá riachtanach chun tacú le forbairt agus rath inbhuanaithe san earnáil spóirt.


| Tag. | Gníomh | Treoraí | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|
| 38 | Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an gCód Rialachais do Spórt ar bhonn leanúnach d'fhonn treochtaí nua rialtais a chur san áireamh. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 39 | Straitéis chuimsitheach do lucht saothair na hearnála spóirt a fhorbairt atá dírithe ar oideachas agus deiseanna foghlama agus forbartha a fheabhsú chun tacú le cobhsaíocht agus acmhainneacht struchtúrtha. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 40 | Bearta a chur i bhfeidhm chun inniúlacht agus acmhainn na hearnála a chur chun cinn agus forbairt a dhéanamh orthu, i réimsí maidir leis an aistriú digiteach, margaíocht agus cumarsáid, urraíocht, rialachas, bainistiú imeachtaí agus cláir agus eispéiris agus seirbhísí bhaill agus oibrithe deonacha NGB a nuachóiriú. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 41 | Tacú le hiarrachtaí san earnáil maidir le líon na mban a bhíonn i mbun réiteoireachta agus cóitseála a mhéadú (go háirithe i dtaca le spórt ardfheidhmíochta), lena n-áirítear múinteoirí baineanna i scoileanna. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 42 | Leanúint i mbun tús áite a thabhairt d'acmhainní oiliúna a chur ar fáil chun tacú le taighde agus creataí agus uirlisí meastóireachta a fhorbairt. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 43 | Glacadh leis an Teimpléad don Chód Iompair Náisiúnta a chur chun cinn agus a mhonatóiriú chun cultúr maidir le meas, ionracas agus cothromaíocht a chothú, lena n-áirítear Grúpa Oibre um Meas a Thabhairt d'Oifigigh ionadaíoch a bhunú chun cur le meas ar fud gach spóirt. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |

# 8

## Idirnáisiúnta

Leanann an ghné idirnáisiúnta a bhaineann le spórt de thionchar láidir a imirt ar ár n-earnáil spóirt. Maidir le réimse éagsúil saincheisteanna agus dúshlán, mar shampla comhionannas inscne, cearta daonna i spórt agus trí bhíthin an spóirt, dópáil i spórt, ionracas i spórt, ciníochas i spórt, rannpháirtíocht daoine trasinscneacha, drochíde a thabhairt d'oifigigh, foréigean in aghaidh na mban, agus rialachas, tá gné idirnáisiúnta ag baint leo ar fad agus is minic iad a bheith ina n-ábhar breithnithe agus díospóireachta i raon réimsí idirnáisiúnta. Bíonn impleachtaí i gceist le díospóireachtaí dá leithéid do chomhthéacs an spóirt in Éirinn i gcónaí, agus mar gheall air sin, tá sé ríthábhachtach go dtabharfadh Éire tuairim chun tosaigh sna timpeallachtaí sin. I gcaitheamh an phlean seo, beidh go leor deiseanna ann gach aon bhliain chun an tuairim sin a chur in iúl le linn réimse éagsúil fóraim idirnáisiúnta. Beidh Éire ag glacadh freagracht as Uachtaránacht an Aontais Eorpaigh sa bhliain 2026, ar ról tábhachtach é a mbeidh pleanáil mhionsonraithe agus comhairliúchán earnála ag teastáil ina leith.









Tá cuid mhaith dár gcomhlachtaí spóirt ina mbaill de cuid chónaidhmeanna idirnáisiúnta agus tá siad ag cur go héifeachtach cheana fhéin le cinnteoireacht laistigh dá spórt féin. Faoi réir meas a thabhairt do neamhspleáchas agus féinriail na gluaiseachta spóirt i gcónaí, tá cás an-láidir i gceist chun spreagadh agus tacaíocht leanúnach a thabhairt le go mbeadh guth níos láidre fós ag Éirinn i dtaca le cinnteoireacht ag an leibhéal idirnáisiúnta.

Tá comhthéacs idirnáisiúnta ag baint fiú lenár spóirt thraidisiúnta, ar nós cluichí Chumann Lúthchleas Gael. Tá an sonrú speisialta a bhronn UNESCO ar an iománaíocht agus camógaíocht ina aitheantas idirnáisiúnta tábhachtach agus luachmhar ar a n-oidhreacht chultúrtha in Éirinn, agus thar lear ar ndóigh. Tagaimid le tuairim UNESCO go bhfuil cosaint agus forbairt ar leith ag teastáil i dtaca leis an dá chluiche áirithe seo agus chun na críche sin, tá sé i gceist againn dul i mbun oibre le páirtithe leasmhara barrthábhachtacha lena mbaineann chun raon tionscnaimh agus tacaíochtaí a fhorbairt chun an toradh sin a bhaint amach.

Ar bhonn níos leithne, i bhfianaise an róil bharrthábhachtaigh atá ag taidhleoireacht spóirt chun athmhuintearas a chothú, agus comhoibriú i measc tíortha, cultúir, agus pobail éagsúla a chothú, tá sé i gceist againn go mbeadh ról níos gníomhaí againn sna hinstitiúidí éagsúla lena mbaineann agus go háirithe, go mbeimis mar bhall de Pháirt-Chomhaontú Méadaithe maidir le Spórt ón gComhairle Eorpach. Chomh maith leis sin, i gcomhar leis an earnáil, tabharfar tús áite do Chlár Uachtaránachta nuálach AE in 2026.

| Tag. | Gníomh | Treoraí | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|
| 44 | D'fhonn forbairt a dhéanamh ar iománaíocht agus camógaíocht a bheith ainmnithe ag UNESCO ar an Liosta Ionadaíoch d'Oidhreacht Chultúir Dholáimhsithe an Chine Daonna, cosaint agus forbairt na gcluichí seo a chur chun cinn sa tír seo agus go hidirnáisiúnta, go háirithe i scoileanna, clubanna agus limistéir nach bhfuil na cluichí róláidir iontu nó nach bhfuil siad á n-imirt faoi láthair. | DTCAGSM | Gach Páirtí Leasmhar |
| 45 | Tá Éire le bheith ina ball de Pháirt-Chomhaontú Méadaithe maidir le Spórt ón gCoimisiún Eorpach d'fhonn cur le dialóg iltaobhach idir údaráis phoiblí, cónaidhmeanna spóirt agus NGOnna agus tairbhe a bhaint as sin. Trí sin, cuirfear le rialachas níos fearr, d'fhonn an aidhm a bhaint amach le go mbeadh spórt níos eiticiúla, níos ionchuimsithí agus níos sábháilte. | DTCAGSM | Gach Páirtí Leasmhar |
| 46 | Eagraíochtaí náisiúnta spóirt a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun ionadaíocht ina gcónaidhmeanna spóirt idirnáisiúnta a lorg agus a choinneáil, nuair is cuí. | DTCAGSM/ Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 47 | Iniúchadh a dhéanamh ar an bhfiúntas agus féidearthacht atá le gníomhaireacht neamhspleách frithdhópála a bhunú agus breithniú a chur chun cinn go síneodh agus go ndaingneodh Éire Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa ar Chomórtais Spóirt a Chúbláil. | DTCAGSM | Gach Páirtí Leasmhar |

# Iarscríbhinn 1
# Príomhtháscairí Feidhmíochta agus Spriocanna

| Príomhtháscairí Feidhmíochta agus Spriocanna – Rannpháirtíocht Ghníomhach | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Príomhtháscairí Feidhmíochta agus Spriocanna** | **Bonnlíne 2017** | **Spriocanna 2024** | **Toradh 2024** | **Spriocanna 2028** |
| Líon méadaithe aosach a imríonn spórt go rialta | 43% | 47% | 47% | 60% |
| Deireadh a chur leis an ngrádán rannpháirtíochta gníomhaí sa spórt atá ann idir fir agus mná | 4.50% | 2.50% | 2.90% | 0% |
| Leibhéil laghdaithe neamhghníomhaíochta i measc aosach | 22% | 18% | 19% | 15% |
| Líon méadaithe leanaí a imríonn spórt go rialta sa phobal<br>Bunscoil<br>Iar-bhunscoil | 74% (2018)<br>58% (2018) | -<br>- | 76% (2022)<br>74% (2022) | 78%<br>76% |
| Líon méadaithe aosach ón gceatharaíl ioncaim is ísle a ghlacann páirt rialta sa spórt | 27% | - | 29% | 33% |
| Rannpháirtíocht mhéadaithe sa spórt i measc daoine a bhfuil tinneas fadtéarmach orthu nó atá faoi mhíchumas | 29% | 34% | 32% | 40% |

| Príomhtháscairí Feidhmíochta agus Spriocanna – Rannpháirtíocht Shóisialta | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Príomhtháscairí Feidhmíochta agus Spriocanna** | **Bonnlíne 2017** | **Spriocanna 2024** | **Toradh 2024** | **Spriocanna 2028** |
| Líon méadaithe aosach a ghlacann páirt rialta sa spórt go sóisialta trí obair go deonach, ballraíocht de chlubanna agus/nó freastal | 45% | 50% | 45% | 55% |
| Ballraíocht mhéadaithe de chlubanna | 34% | 36% | 35% | 40% |
| Freastal méadaithe ar imeachtaí spóirt | 19% | 22% | 20% | 25% |
| Líon méadaithe daoine a bhíonn ag déanamh obair dheonach go rialta sa spórt | 11% | 13% | 11% | 15% |

| Príomhtháscairí Feidhmíochta agus Spriocanna – Rialachas | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Príomhtháscairí Feidhmíochta agus Spriocanna** | **Bonnlíne 2017** | **Spriocanna 2024** | **Toradh 2024** | **Spriocanna 2028** |
| Méadú ar an líon Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt a bhfuil an Cód Rialachais don Spórt glactha acu | 12% | 100% | 95% | 100% |
| An Chothromaíocht Inscne i gcomhaltas Boird na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta.* | Gan Socrú | 100% | 77% | 100% |

* Sainmhínítear Cothromaíocht Inscne mar ionadaíocht 40% ar a laghad idir mná agus fir ar an mBord.

| Príomhtháscairí Feidhmíochta agus Spriocanna – Ardfheidhmíocht | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Príomhtháscairí Feidhmíochta agus Spriocanna** | **Bonnlíne 2017** | **Spriocanna 2024** | **Toradh 2024** | **Spriocanna 2028** |
| Méadú ar an líon bonn a buadh ag Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha as a chéile | 13 | 17-23 | 13 | 20-60 |
| An líon imeachtaí Oilimpeacha agus Parailimpeacha inar chríochnaigh lúthchleasaithe Éireannacha i measc an deichniúir is fearr/inar bhain siad an babhta ceannais amach | 49 | 45-55 | 85 | 49-60 |
| Rangú na tíre i dTábla Bonn na gCluichí Oilimpeacha | 62 | 55 | 19 | An 50 is fearr |
| Rangú na tíre i dTábla Bonn na gCluichí Parailimpeacha | 28 | 25 | 55 | An 50 is fearr |
| Méadú ar an líon bonn a buadh ar an leibhéal sóisearach agus sinsearach ar an ardán Eorpach agus Domhanda | 225 | 270 | 361<br>(Ó Mheán Fómhair 2024) | 290 |

# Iarscríbhinn 2
# Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn 2021-2023

## Cur Chun Feidhme an Bheartais Náisiúnta Spóirt 2018-2027 (NSP) agus An Plean Gníomhaíochta don Spórt 2021 – 2023 (SAP)

### Réamhrá

I mí Samhna na bliana 2021, foilsíodh an Plean Gníomhaíochta don Spórt 2021-2023 (SAP) inar leagadh amach na príomhghníomhaíochtaí a chuirfí i bhfeidhm le linn na tréimhse chomh fada le deireadh na bliana 2023. Bhí sé mar aidhm leis an bplean sin na cuspóirí beartais uaillmhianacha 10 mbliana a leagadh amach sa Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018 (NSP) a chur chun cinn, ar cuireadh leis ina dhiaidh sin i gClár an Rialtais a foilsíodh i lár na bliana 2020. Bhí an SAP bunaithe ar sheacht gcinn de réimsí téamacha agus tá struchtúr den chineál céanna sa tuarascáil ar dhul chun cinn seo.

Bhí an phaindéim COVID-19 ar siúl ar feadh cuid mhór den tréimse trí bliana den SAP agus chuaigh an phaindéim i bhfeidhm go mór agus ar bhonn díobhálach ar acmhainn na hearnála spóirt. Mar gheall ar na cúinsí sin nach bhfacthas riamh cheana, bhí gá le béim ar leith a leagan ar chobhsaíocht agus téarnamh céim ar chéim na hearnála a chinntiú. B'éigean acmhainn a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí bainistithe paindéime, go hinmheánach agus laistigh den Roinn agus de Spórt Éireann agus go seachtrach ar fud na n-eagraíochtaí náisiúnta spóirt ar fad araon. Gan amhras, d'imir an t-athrú seo tionchar díobhálach ar phleananna eile a bhí beartaithe.

In ainneoin an tionchair dhíobhálaigh seo, rinneadh dul chun cinn suntasach i dtaca leis an trí sprioc ardleibhéil NSP, arbh iad sin:

**Rannpháirtíocht:** faoi dheireadh na bliana 2023, léiríodh i dtuarascáil Mhonatóir Spóirt na hÉireann ó Spórt Éireann go nglacann beagnach dhá mhilliún aosach in Éirinn páirt sa spórt gach aon tseachtain - níos mó ná a ghlac páirt riamh. Tá méadú tagtha ar rátaí rannpháirtíochta ar bhonn rialta ón gcéatadán íseal 40% go dtí buaic na paindéime in 2021 ag 47%, agus tá an difríocht sa ráta rannpháirtíochta idir fir agus mná in 2023 ar an difríocht is lú ar taifead, ag díreach faoi bhun 3%. Den chuid is mó, baineann sé sin le méadú 6% ar rannpháirtíocht na mban sa spórt idir 2022 agus 2023 – 46% do mhná le hais 49% d'fhir.

**Ardfheidhmíocht:** faoi dheireadh na bliana 2023, bhí Straitéis Ardfheidhmíochta 2021-2032 nua i bhfheidhm lena ndearnadh na leibhéil maoinithe is mó riamh a leithdháileadh ar ár lúthchleasaithe agus a sheachadadh ar bhonn ilbhliantúil chun cur lena gcuid ullmhúcháin do mhórimeachtaí idirnáisiúnta spóirt ar nós Chluichí Oilimpeacha/Parailimpeacha Pháras 2024, Los Angeles 2028 agus Brisbane 2032.

**Acmhainn:** faoi dheireadh na bliana 2023, dhearbhaigh formhór mór (95%) d'eagraíochtaí náisiúnta spóirt na hÉireann go raibh siad ag comhlíonadh an Chóid Rialachais do Spórt i gcomparáid le 52% ag deireadh na bliana 2020. Ag deireadh na bliana 2023, baineadh garspriocanna suntasacha amach, lenar áiríodh ionadaíocht bhaineann ar bhord gach aon eagraíocht spóirt maoinithe sa tír agus tháinig méadú foriomlán go 44% ar líon na mban ar bhoird san earnáil spóirt in Éirinn. Rinneadh dul chun cinn nach beag ón mbliain 2019 i leith, tráth nach raibh mná ach 24% de bhoird ar an meán san earnáil.

Tá na feabhsuithe seo ina léiriú ar acmhainneacht, díograis agus tiomantas na ndaoine ar fad a oibríonn i spórt in Éirinn. Chomh maith leis sin, rinneadh éascaíocht orthu trí mhaoiniú méadaithe ón Rialtas don earnáil. Ag barr an chláir oibre seachadta i gcónaí a bhí léiriú leanúnach ar na tairbhí a bhaineann le spórt a chinntiú. Le linn na tréimhse SAP, coinníodh go seasta leis an treocht maoinithe suas d'fhonn an sprioc uileghabhálach a bhaint amach chun infheistíocht fhoriomlán i spórt a mhéadú faoi dhó le linn thréimse saoil 10 mbliana na Bheartais Náisiúnta Spóirt chomh fada le deireadh na bliana 2027. Ag deireadh na bliana 2023, fuarthas leithdháileadh iomlán €209m do spórt in 2024, i gcomparáid le €110m ag tús an NSP in 2018.

Cé go ndearnadh dul chun cinn nach beag i ndáil leis an méid a bhí i gceist a chur i gcrích le SAP, is amhlaidh an scéal fós nach mór tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i dtaca le líon réimsí, go háirithe i dtaca le leibhéil rannpháirtíochta i measc raon spriocghrúpaí barrthábhachtacha ar nós daoine faoi mhíchumas. Chomh maith leis sin, ní mór tús áite a thabhairt do grúpaí eile ar nós daoine aosta, daoine faoi mhíbhuntáiste, an pobal LADT+ agus imircigh i dtaca le maoiniú agus tacaíochtaí eile sna blianta atá le teacht. Ba chóir go mbeadh na tairbhí dearfacha meabhairshláinte agus coirp a bhaineann le spórt ar fáil do chách.

Chomh maith leis sin, beidh sé riachtanach aird tosaíochta a thabhairt ar thacaíocht do spórt ardfheidhmíochta in Éirinn, a bheidh dírithe ar Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann 2021-2032 a sheachadadh. Ba léir an tábhacht atá le maoiniú ón Rialtas i dtaispeántas Fhoireann na hÉireann ag Páras 2024, ar imeacht é lenar spreagadh mórtas náisiúnta ar fud gach gné de shochaí na hÉireann agus lenar léiríodh arís eile an luach agus meas atá ag muintir na hÉireann ar a gcuid lúthchleasaithe a bhfuil moladh mór tuillte acu ar deireadh thiar.

## Forléargas ar Réimse Téamach

San fhorléargas seo a leanas, tugtar blaiseadh achomair ar an obair ar tugadh fúithi le linn na tréimhse atá i gceist, cé nach mór a lua gur gníomhartha iad seo a bhfuil gné leanúnach i gceist leo seachas iad a bheith ina dtionscadail a bhfuil tús agus deireadh sonrach i gceist leo.

### 1. Tosaíochtaí Téarnaimh ó COVID-19 don bhliain 2021

Ó thús na paindéime COVID-19 i mí an Mhárta 2020, cuireadh isteach go mór ar ghníomhaíochtaí spóirt mar gheall ar shraith srianta a bhí dírithe ar leathadh an víris a rialú. Bhí dúnta fadréiseacha i gceist, go háirithe i dtaca le spóirt faoi dhíon, agus bhí dúshláin níos mó i gceist leis sin seachas gníomhaíochtaí faoin aer. Tasc casta agus fada a bhí i gceist leis na héifeachtaí éagsúla seo a bhainistiú, agus bhí inmharthanacht na hearnála chun cinn inár gcuid iarrachtaí i gcónaí.

In ainneoin na ndúshlán seo, chuir an rialtas tacaíocht airgid shuntasach ar fáil chun tacú leis an earnáil spóirt, le €85 milliún á infheistiú mar thacaíochtaí COVID i gcaitheamh na tréimhse 2020-2022. Ba infheistíocht ríthábhachtach í seo lena chinntiú go dtiocfadh an earnáil spóirt slán agus go mbeadh an earnáil i riocht chun leanúint d'fheidhmiú i ndiaidh na paindéime. Tháinig na heagraíochtaí náisiúnta spóirt ar fad slán ar an bpaindéim, agus is cinnte gur imríodh drochthionchar orthu mar gheall ar an eispéireas, ach ar an dea-uair, bhí siad fós ag feidhmiú ar mhaithe lena mbaill agus lucht tacaíochta.

| Tag. | Gníomh |
|---|---|
| **1.1** | Leanúint i mbun oibre i ndlúthchomhar leis na comhlachtaí spóirt agus tacaíocht, bíodh sin ina tacaíocht airgid nó ina tacaíocht eile, a chur ar fáil d'fhonn a spóirt a chur ar fáil ar bhonn leanúnach.<br><br>**Cuireadh Maoiniú Acmhainneachta COVID-19 €85 milliún ar fáil chun tacú leis an mbagairt eiseach do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus a líonraí clubanna, ar trí sin a cuireadh ar chumas eagraíochtaí spóirt caillteanais shuntasacha a fhritháireamh agus athbhunú a spóirt i ndiaidh COVID a phleanáil. Ina theannta sin, chuir Spórt Éireann raon seirbhísí maidir le tacaíocht forbartha eagraíochta agus oideachas/oiliúint ar fáil don earnáil spóirt le linn na tréimse seo.**<br><br>**Cloíodh le teagmháil iomlán i rith thréimhse na paindéime, go háirithe trí Ghrúpa Saineolaíoch ionadaíoch maidir le Filleadh ar Spórt a cuireadh ar bun chun éascaíocht a dhéanamh ar thabhairt faoi ghníomhaíocht spóirt arís go sábháilte agus ar bhonn céimnitheach i gcomhréir leis an gcás sláinte poiblí a bhí i bhfeidhm ag an am.** |

| Tag. | Gníomh |
|---|---|
| 1.2 | Dul i dteagmháil leis na comhlachtaí spórt chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt moltaí agus cuir chuige saincheaptha do bhearta maolaithe COVID-19 amach anseo do spóirt faoi dhíon agus faoin aer araon.<br><br>**Féach 1.1. De bhreis air sin, d'fhorbair an Grúpa Saineolaíoch treoir fhairsing don earnáil spóirt maidir leis an riosca ionfhabhaithe ag imeachtaí traenála agus iomaíocha spóirt a mheas agus a mhaolú. Chomh maith leis sin, d'fhorbair an Grúpa Saineolaíoch réimse prótacail oibríochta trína rabhthas in ann filleadh de réir a chéile ar ghníomhaíocht spóirt laistigh de chomhthéacs chur chuige fhoriomláin an Rialtais i leith bainistiú na paindéime. Chuaigh an Grúpa Saineolaíoch i gcomhairle lena chéile 50 huair le linn na paindéime. D'éirigh le Spórt Éireann oibriú i ndlúthchomhar leis an earnáil lena chinntiú go raibh moltaí agus prótacail chun gníomhaíocht spóirt a chur ar sos agus filleadh ar spórt go sábhailte i bhfeidhm, sa chás go mbeadh gá leis sin sa todhchaí.** |
| 1.3 | Modhanna a aithint chun tacú le NGBnna fás agus téarnamh ballraíochtaí i gclubanna a chur chun cinn.<br><br>**Cuireadh cúnamh deontais €85m ar fáil do NGBnna chun tacú lena bhfeidhmiú ar bhonn leanúnach. Cuireadh tacaíocht airgid ar fáil trí Chistí COVID ar leith, maoiniú Chiste na gCuntas Díomhaoin, Bunmhaoiniú agus ar ndóigh trí Mhaoiniú Caipitil (SITE). De bhreis air sin, thacaigh Spórt Éireann le cur chun cinn Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus Clubanna trí fheachtais ar nós "Let's get Back", Tionscnamh Eorpach na Seachtaine Spóirt agus Geimhridh.** |
| 1.4 | Ciste Spóirt Mhíchumais a bhunú chun tacú le tionscnaimh mhíchumais áitiúla.<br><br>**Bunaíodh Ciste Spóirt Mhíchumais chun tacú le tionscnaimh mhíchumais áitiúla. Tríd an gciste, cuireadh €4m san iomlán ar fáil i rith 2022 agus 2023 do tionscadail mhíchumais ar feadh breis agus 1,000 club spóirt ar fud na tíre.** |
| 1.5 | Straitéis Náisiúnta Snámha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun níos mó deiseanna snámha a chur ar fáil laistigh agus lasmuigh.<br><br>**Cuireadh an Straitéis Náisiúnta Snámha i gcrích agus seoladh go hoifigiúil í in 2024.** |
| 1.6 | Leanúint i mbun oibre leis na comhlachtaí spóirt chun éascaíocht a dhéanamh ar fhilleadh sábhailte lucht féachana ag imeachtaí spóirt, ar mhaithe leis an lucht leanúna, clubanna agus comhlachtaí spóirt.<br><br>**Rinneadh filleadh sábháilte agus éifeachtach lucht féachana a bhaint amach céim ar chéim, go háirithe le linn na bliana 2021. Ba iad roinnt gníomhaíochtaí spóirt lasmuigh a bhí i measc na ngíomhaíochtaí ba luaithe a tháinig ar ais.** |
| 1.7 | Tionscnamh Geimhridh don Spórt a sholáthar den chéad uair riamh sa bhliain 2021 chun ballraíocht agus rannpháirtíocht mhéadaithe i gclubanna spóirt a spreagadh agus a chothú, rud a chabhróidh le téarnamh na hearnála.<br><br>**Cuireadh Tionscnaimh Gheimhridh ar fáil trí na Comhpháirtíochtaí Rialaithe Náisiúnta agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt le linn 2021, 2022 agus 2023, ar tríd sin a cuireadh níos mó deiseanna rannpháirtíochta ar fáil don phobal. Áiríodh leis an Tionscnamh Geimhridh ba dheireanaí le linn na tréimhse 2023-24 breis agus 400 imeacht nó clár ar fud an líonra NGB agus LSP.** |
| 1.8 | Dul i mbun oibre le NGBnna chun téarnamh agus filleadh sábháilte ar ghníomhaíochtaí spóirt faoi dhíon a chur chun cinn.<br><br>**D'oibrigh an Roinn agus Spórt Éireann i gcomhar leis na NGBnna ábhartha maidir le réimse prótacail oibríochta trína ndearnadh éascaíocht ar fhilleadh céim ar chéim, agus ar fhilleadh iomlán ar deireadh thiar orthu le linn 2022. D'éirigh leis an spóirt ar fad a bhí i gceist téarnamh agus filleadh orthu go rathúil.**<br><br>**D'éirigh le Spórt Éireann oibriú i ndlúthchomhar leis an earnáil lena chinntiú go raibh moltaí agus prótacail chun gníomhaíocht spóirt a chur ar sos agus filleadh ar spórt go sábhailte i bhfeidhm, sa chás go mbeadh gá leis sin sa todhchaí.** |

## 2. Cumarsáid agus Faisnéis

In December 2022, the Government's decision to establish a Ministerial position with responsibility for both I mí Nollag na bliana 2022, léiriú ar chéim shuntasach i dtreo feabhas a chur ar chomhoibriú tras-rannach ab ea cinneadh an Rialtais post mar Aire a bhunú a bheadh freagrach as Spórt agus Corpoideachas araon ar fud dhá Roinn ar leith. Chuidigh an comhoibriú seo le líon leasanna comhchoiteanna a chur chun cinn, go mór mór ráiteas comhaontaithe maidir le litearthacht fhisiciúil, lena gcuirtear bealaí chun cinn chun gníomhaíocht fhisiciúil leanaí a uasmhéadú i gcaitheamh an lae ar scoil agus chun teagmháil níos fearr idir clubanna spóirt agus scoileanna a spreagadh.

Rinneadh an ráiteas comhaontaithe uile-Éireann maidir le litearthacht fhisiciúil a fhorbairt agus a sheoladh i mí Dheireadh Fómhair 2022, d'fhonn rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil i ngníomhaíocht fhisiciúil agus i spórt do chách a chothú.

De bhreis air sin, tugadh isteach teimpléad do chód iompair náisiúnta in 2023 chun meas, ionracas, agus cothromaíocht a chur chun cinn laistigh den phobal spóirt, d'fhonn deireadh a chur le drochíde bheith á tabhairt do réiteoirí, oifigigh, cóitseálaithe, imreoirí agus rannpháirtithe.

Ina theannta sin arís, seoladh Geo-bhunachar Sonraí Náisiúnta de Shaoráidí agus Conláistí Spóirt agus Áineasa (Éirigh Gníomhach in Éirinn) i mí Dheireadh Fómhair 2023. Ar an mbunachar sonraí, bhí breis agus 10,000 deis le bheith gníomhach le linn thráth a sheolta agus bíonn deiseanna eile á gcur leis ar bhonn leanúnach.

| Tag. | Gníomh |
|---|---|
| 2.1 | Tabhairt faoi fheachtas cumarsáide ilbhliantúil ar fud na tíre chun tacú le seachadadh an Bheartais Náisiúnta Spóirt, chun rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil i spórt agus folláine atá oiriúnach don saol a chothú agus aird a tharraingt ar chroíluachanna, bunúis agus teachtaireachtaí an NSP maidir leis an tábhacht a bhaineann le spórt – áineasa agus iomaíochta – do dhaonra sláintiúil. Beidh an feachtas seo dírithe go háirithe ar mhná, pobail mhionlaigh, daoine faoi mhíchumas agus pobail ina bhfuil leibhéil rannpháirtíochta níos ísle i gceist.<br>**D'fhorbair Spórt Éireann réimse feachtais chumarsáide ar fud chreat ama an SAP chun díriú ar ghrúpaí ar leith den daonra. Le tamall beag anuas, seoladh "Her Moves" in 2023, atá leagtha amach chun níos mó cailíní sna déaga a spreagadh agus tacú leo a bheith gníomhach. I mí na Samhna 2022, sheol Spórt Éireann feachtas dar teideal "It's My Time", chun leibhéil gníomhaíochta a spreagadh i measc mná os cionn 40. I mí Mheán Fómhair 2022, sheol Spórt Éireann ár bhfeachtas "Changing the Game" chun an "meon maidir le spórt do chách" a chur in iúl agus a spreagadh. Feachtas suntasach le linn na bliana 2021 ab ea an feachtas "Let's Get Back". Trí fheachtais ar nós na bhfeachtas seo agus eile (Women in Sport Week, Pride Month, HerOutdoors Week, European Week of Sport) cothaítear feasacht sa daonra maidir leis an tábhacht a bhaineann le spórt.** |
| 2.2 | Ráiteas comhaontaithe maidir le litearthacht fhisiciúil a fhorbairt agus an glacadh le litearthacht fhisiciúil i spórt agus corpoideachas a chur chun cinn. Dóigh a thabhairt isteach chun measúnú a dhéanamh ar ghlacadh agus cur i bhfeidhm an doiciméid seo agus é sin a chur chun cinn.<br>**Rinne Spórt Éireann, i gcomhar le Spórt Thuaisceart Éireann, Ráiteas Comhaontaithe maidir le Litearthacht Fhisiciúil Uile-Oileáin a fhorbairt agus a sheoladh i mí Dheireadh Fómhair 2022. Tá sé mar aidhm leis an ráiteas seo cultúr i dtaca le rannpháirtíocht i gníomhaíocht fhisiciúil agus spórt ar feadh an tsaoil do chách a chur chun cinn. Cuireadh oiliúint don earnáil ar bun ar bhonn píolótach lena cur ar fáil in 2023 agus tá a cur i bhfeidhm leanúnach ina gníomhaíocht tosaíochta i gcónaí.** |

| Tag. | Gníomh |
|---|---|
| 2.3 | Ar aon dul le straitéisí náisiúnta ábhartha ón Roinn Dlí agus Cirt agus ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige araon, tabhairt faoi fheachtas faisnéise ina dtarraingeofar aird ar cé chomh do-ghlactha agus atá claontacht, ciníochas, homafóibe agus gach cineál idirdhealaithe sa spórt, le tacaíocht ón gclár um chleachtas eiticiúil sa spórt/ón gclár don spórt luachanna-bhunaithe.<br><br>**Rinneadh teimpléad do Chód Náisiúnta Iompair a chur i gcrích agus a sheoladh in 2023. Tá a chur i bhfeidhm á chur chun cinn ar fud na NGBnna ar fad ar bhonn leanúnach. Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh seo cultúr i dtaca le meas, ionracas, agus cothromaíocht a chothú laistigh den phobal spóirt, chun aghaidh a thabhairt agus deireadh a chur le drochíde a bheith á tabhairt do réiteoirí, oifigigh, cóitseálaithe, imreoirí agus na rannpháirtithe ar fad a ghlacann páirt. Leis an teimpléad nuachruthaithe don chód iompair, leagtar amach sraith treoirlínte agus prionsabal lena gcuirtear chun cinn an iompraíocht agus iompar a bhfuiltear ag súil leo ó lúthchleasaithe, cóitseálaithe, tuismitheoirí/caomhnóirí, lucht tacaíochta, réiteoirí/oifigigh, agus baill club, beag beann ar an timpeallacht spóirt.**<br><br>**Mar atá leagtha amach in 2.1, sheol Spórt Éireann an feachtas "Changing the Game" i mí Mheán Fómhair 2022 freisin chun an "meon maidir le spórt do chách" a chur in iúl agus a spreagadh. Chomh maith leis sin, d'fhorbair Spórt Éireann dhá fhíseán maidir le cinnteoireacht eiticiúil i ndáil le héagsúlacht agus ionchuimsiú.** |
| 2.4 | Geo-bhunachar Sonraí Náisiúnta Áiseanna Áineasa a fhorbairt agus a chur chun cinn, rud a mbeidh rochtain ag an bpobal air agus lena léarscáileofar áiseanna spóirt faoi dhíon agus saoráidí spóirt amuigh faoin spéir. Leis an mBunachar Sonraí sin, cumasófar do phobail áitiúla rannpháirtíocht in eagraíochtaí áitiúla spóirt a bhrú chun cinn trí scoileanna, trí údaráis áitiúla agus trí eagraíochtaí pobail.<br><br>**D'fhorbair Spórt Éireann Bunachar Sonraí Náisiúnta Digiteach do Shaoráidí Spóirt & Áineasa - Éirigh Gníomhach in Éirinn (GIA)" – a seoladh i mí Dheireadh Fómhair 2023.**<br><br>**Tá sé ar an láithreán gréasáin gníomhaíochta, spóirt agus áineasa is cuimsithí in Éirinn, ina gcuirtear gach cineál áiseanna gníomhaíochta, áineasa agus spóirt san áireamh.Cuirtear san áireamh ar an mbunachar sonraí áiseanna spóirt agus áineasa: áiteanna poiblí ar nós clóis shúgartha; mar aon le conairí siúil, reathaíochta, agus rothaíochta. Is féidir gach aon chuardach a scagadh chun inrochtaineacht, mar aon le conláistí ar nós páirceáil agus áiseanna feistis a sheiceáil.I ndeireadh na bliana 2023, bhí 11,350 deis le bheith gníomhach ar an mbunachar sonraí, lenar áiríodh 6,217 club, 4,095 láthair agus 1,038 conair. Tháinig sonraí ó 60 foinse údarásach, agus tá níos mó ag teacht ar bord go rialta. Tá Spórt Éireann i mbun GIA a fhorbairt agus a leathadh amach ar fud earnálacha éagsúla i gcónaí.** |
| 2.5 | Agus leas á bhaint as rath cruthaithe na bhfeachtas corpacmhainne atá ann cheana sna meáin, feachtas séasúrach nua a sholáthar ina gcuirfear rannpháirtíocht ghníomhach agus shóisialta sa spórt chun cinn le linn mhíonna an Gheimhridh, rud a sheolfar le linn Sheachtain Eorpach an Spóirt i mí Mheán Fómhair gach bliain.<br><br>**Arna éascú ag Spórt Éireann, cuireadh clár fairsing rannpháirtíochta ar fáil mar chuid de Sheachtain Eorpach an Spóirt in 2021, 2022, agus 2023. Airíodh leis sin imeachtaí suaitheanta ón bhFéile Bí Gníomhach a reáchtáladh ar CHampas Spórt Éireann ar ar fhreastail 1000+ duine. Chomh maith leis sin, reáchtáladh Lá Náisiúnta Siúil i mí Mheán Fómhair 2023. Mar atá leagtha amach in 1.7 thuas, leis an Tionscnamh Geimhridh 2023-2024, cuireadh breis agus 700 imeacht agus gníomhaíocht ar fáil ar fud na tíre agus leagadh béim ar leith ar dhaoine a spreagadh chun triail a bhaint as spórt nua arbh fhéidir nár thug siad faoi go dtí sin.** |

| Ref. | Action |
|---|---|
| 2.6 | Sainaithint agus cur chun cinn a dhéanamh ar bhealaí inar féidir gníomhaíocht fhisiciúil a uasmhéadú le linn an lae scoile lasmuigh de thimpeallachtaí corpoideachais.<br><br>**Tá tuilleadh maoinithe agus acmhainní á leithdháileadh ar an tionscnamh "Bratach Scoile Gníomhaí", atá ag cur dlús leis an méadú atá ag teacht ar líon na scoileanna atá á ghlacadh i dtimpeallachtaí bunscoile agus iar-bhunscoile araon.** |
| 2.7 | Tacú le teagmháil idir clubanna spóirt agus scoileanna d'fhonn gníomhaíocht fhisiciúil agus rannpháirtíocht a mhéadú.<br><br>**Fógraíodh leagan nuashonraithe de Nósanna Imeachta maidir le Foirgnimh Scoile agus Áiseanna Spóirt Scoile a úsáid lasmuigh d'Uaireanta Scoile, le linn na bliana 2024. Sna nósanna imeachta nuashonraithe, dírítear aird ar an luach agus tábhacht a bhaineann le foirgnimh scoile agus áiseanna spóirt scoile a úsáid lasmuigh d'uaireanta scoile. D'fhonn leas níos fearr a bhaint as áiseanna dá leithéid a spreagadh, dearbhaíonn an Roinn Oideachais do scoileanna nach mbeidh aon tionchar ag aon ioncam ó úsáid a gcuid áiseanna i ndiaidh na scoile ar a ndeontais stáit, táillí caipitíochta nó aon mhaoiniú roinne eile de chineál ar bith.**<br><br>**Leanadh de sholáthar an Chláir Chaipitil agus Trealaimh Spóirt (SCEP) lena gcumasaítear do scoileanna iarratas a dhéanamh i gcomhpháirt le clubanna spóirt áitiúla ar thionscadail chaipitil spóirt a chur ar fáil i gcónaí. Mar gheall air sin, bhí líon iarratas curtha san áireamh in SCEP 2023 faoin gcomhréiteach seo.** |

## 3. Maoiniú

Tosaíocht lárnach a bhí ann ó thaobh maoinithe de ná an sprioc uaillmhianach chun infheistíocht i spórt a mhéadú faoi dhó go dtí breis agus €220 milliún in aghaidh na bliana a bhaint amach faoin mbliain 2027. Faoi dheireadh na bliana 2023, leithdháil an Rialtas €209 milliún don bhliain 2024, d'fhonn go bhféadfaí an sprioc a bhaint amach agus d'fhéadfaí an sprioc a shárú san anailís deiridh. Mar gheall ar an méadú rialta atá tagtha ar mhaoiniú, bhíothas in ann sruthanna nua a bhunú atá dírithe ar mhná i spórt, míchumas, rannpháirtíocht daoine aosta, comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú. Is infheistíochtaí ríthábhachtacha iad seo lena chinntiú go mbeadh teacht ag cách ar na tairbhí a bhaineann le spórt, ar trí sin a thacaítear le sochaí níos ionchumsithí agus níos gníomhaí.

| Tag. | Gníomh |
|---|---|
| 3.1 | Ciste Nuálaíochta a bhunú chun spóirt nuálacha agus comhoibríocha a chur chun cinn atá dírithe ar rannpháirtíocht inbhuanaithe i spórt a mhéadú.<br><br>**Chuir Spórt Éireann Ciste Nuálaíochta ar fáil le linn tréimhse an phlean seo. Cuireadh tionscadail éagsúla ar fáil mar gheall ar an maoiniú seo. Ina theannta sin, bunaíodh foireann maidir leis an gClár Eorpach um Maoiniú Sóisialta laistigh de Spórt Éireann in 2023 chun réimse de chláir nua, spriocdhírithe agus nuálacha ar chur ar bun ar bhonn píolótach a bhfuil sé mar aidhm leo feabhas a chur ar rannpháirtíocht sa spórt i measc daoine óga atá i mbaol, daoine faoi mhíchumas, mná faoi mhíbhuntáiste, mionlaigh eitneacha agus imircigh.** |

| Tag. | Gníomh |
|---|---|
| 3.2 | Agus éiteas 'Spórt do chách' á chur i bhfeidhm, Ciste um Chuimsiú, Éagsúlacht agus Comhionannas a bhunú chun rannpháirtíocht mhéadaithe inbhuanaithe sa spórt a chur chun cinn i measc leanaí, ógánach agus aosaigh óga, daoine a bhfuil stádas socheacnamaíoch íseal acu, daoine faoi mhíchumas, an pobal LADTI+, an Lucht Siúil agus mionlaigh eitneacha eile.<br><br>**Bunaíodh ciste €2m "Spórt do Chách" do gach club NGB atá dírithe ar dheiseanna rannpháirtíochta do dhaoine faoi mhíchumas a mhéadú. Chomh maith leis sin, baineadh leas as Ciste na gCuntas Díomhaoin i dtaca le roinnt cláir agus tionscnaimh atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar phobail faoi mhíbhuntáiste agus daoine faoi mhíchumas. Trí Chlár na bliana 2023, cuireadh maoiniú €1.7 milliún ar fáil mair chuid den Chiste NGB um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú.** |
| 3.3 | Gach tionscadal rathúil faoin gCiste Bonneagair um Spórt ar Mhórscála (LSSIF) a chur ar fáil agus a chur chun cinn. Maidir leis an gClár Caipitil agus Trealaimh Spóirt (SCEP), cinnte a dhéanamh de go ndéantar leibhéal maoinithe cuí a imfhalú do Chomhlachtaí Rialaithe Spóirt le go gcuirfear leithdháiltí do threalamh ardfheidhmíochta san áireamh. Chomh maith leis sin, cinnte a dhéanamh de go mbeidh maoiniú ar fáil freisin faoi SCEP chun athnuachan/cothabháil chuí a dhéanamh ar shaoráidí spóirt i gcás ina meastar go bhfuil gá leis an obair seo chun na háiseanna a choinneáil ag feidhmiú.<br><br>**Tá na tionscadail faoin gcéad bhabhta den Chiste Bonneagair um Spórt ar Mhórscála (LSSIF) á gcur ar fáil i gcónaí agus tá roinnt díobh le cur i gcrích roimh dheireadh na bliana 2024. Cuireadh deireadh le hiarratais a ghlacadh do bhabhta nua den LSSIF ar an 1 Iúil 2024.Maidir leis an gClár Caipitil agus Trealaimh Spóirt (SCEP), cuireadh leithdháileadh maoinithe níos mó ná riamh, €250m, i leataobh do bhabhta na bliana 2023, ar trí sin a chinnteofar go mbeidh leibhéal maoinithe cuí ar fáil do threalamh ardfheidhmíochta agus chun athnuachan/cothabháil chuí a dhéanamh ar shaoráidí spóirt i gcás ina meastar go bhfuil gá leis an obair seo chun na háiseanna a choinneáil ag feidhmiú.** |
| 3.4 | Bunaithe ar an gclár "Black Gold" sa Nua-Shéalainn, scéim a thabhairt isteach le haghaidh maoiniú corparáideach agus daonchairdiúil a mhealladh chun tacú le clár ardfheidhmíochta na hÉireann.<br><br>**Tá an cheist maidir le scéim dá leithéid a thabhairt isteach á bhreithniú go fóill agus tá aird ar leith á tabhairt ar na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ar fáil mar gheall ar an mBeartas Náisiúnta Daonchairdis a sheol an Rialtas in 2023.** |
| 3.5 | Chun tacú leis an bplean náisiúnta cóitseála, Ciste Cóitseála atá tiomnaithe agus comhoibríoch a bhunú do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta.<br><br>**I gcomhréir le cur i bhfeidhm leanúnach Spórt Éireann an Phlean Náisiúnta Cóitseála 2020-2025, tá Spórt Éireann i mbun cur chuige spriocdhírithe céimnithe a chur ar fáil i ndáil le Conairí Cóitseála NGB a fhorbairt agus tá an leathadh amach beartaithe le bheith ar siúl i rith na bliana 2024. Chomh maith leis sin, comhaontaíodh buiséad €150,000 chun maoiniú a chur ar fáil do 3-4 NGB in 2024 lena a gcuid Conairí Cóitseála a fhorbairt.** |
| 3.6 | Creat coiteann cistiúcháin a fhorbairt chun leithdháileadh an chistiúcháin Stáit ar Chluichí Gaelacha a threorú ar fud gach cóid. Develop a common funding framework to guide the allocation of State funding for Gaelic Games across all codes.<br><br>**Tháinig as tsamhail mhaoinithe aonair do mhaoiniú idirchontae i bhfeidhm sa bhliain 2022 lenar foráladh do thacaíocht mhaoinithe ón Stát a leithdháileadh ar bhonn comhcoiteann. De bhreis air sin, cuireadh próiseas iarratais comhpháirteach i bhfeidhm i dtaca le maoiniú eile ó Spórt Éireann, ar nós Mná i Spórt agus Ciste na gCuntas Díomhaoin.** |

| Tag. | Gníomh |
|---|---|
| 3.7 | Cásanna gnó a ullmhú le haghaidh athchóirithe féideartha cánachais i leith na nithe seo a leanas:<br>(a) stádas carthanúil a dheonú do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta;<br>(b) an tairseach incháilitheachta €250 a ísliú le haghaidh faoisimh chaipitil ar shíntiúis aonair do thionscadail chaipitil spóirt;<br>(c) an córas cánach breisluacha nialas-rátaithe a leathnú;<br>(d) faoisimh chánachais ar shíntiúis chaipitil a leathnú chun go n-áireofar leo síntiúis do chláir rannpháirtíochta sa spórt/do chláir chóitseála; agus<br>(e) deiseanna aclaíochta pearsanta a dhreasú.<br>**Cásanna gnó a ullmhaíodh lena mbreithniú i gcomhthéacs agus phróisis bhuiséid fhoriomláin. Á bhreithniú ar bhonn leanúnach.** |
| 3.8 | An soláthar dífhibrileoirí a chur chun cinn ar fud an líonra spóirt.<br><br>**Thacaigh Spórt Éireann le maoiniú deontais chaipitil mhionscála (€395,000) don FAI mar chuid den deontas SITE 2021, i gcomhar leis an Roinn.** |

## 4. Oiliúint / Acmhainní

Tá oiliúint agus acmhainní spriocdhírithe ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar éagsúlachtaí nó grádáin rannpháirtíochta i measc grúpaí éagsúla den tsochaí. Tá sé seo ríthábhachtach lena chinntiú gur féidir leas a bhaint as na tairbhí a bhaineann le rannpháirtíocht i spórt ar bhonn cothrom ar fud shochaí na hÉireann.

Faoi shaolré an Phlean Gníomhaíochta Spóirt 2021-2023, rinneadh dul chun cinn nach beag sa réimse seo, lena n-áirítear Beartas Spórt Éireann maidir leis an Obair Dheonach sa Spórt, a foilsíodh i mí Eanáir 2024, a fhorbairt. Leis an mbeartas seo, déantar forbairt ar an Straitéis Náisiúnta um Obair Dheonach (2021-2025) agus leagann sé béim ar an tábhacht agus luach a bhaineann le hoibrithe deonacha i dtaca le spórt a chur ar fáil in Éirinn. Tugadh tús áite don dea-rialachas mar phríomhbheart do NGBnna agus LSPnna, agus léirigh an saol spóirt tiomantas i leith an réimse seo trí ghlacadh forleathan (95%) leis an gCód Rialachais do Spórt. Chomh maith leis sin, bhí Clár Gov-Enhance Spórt Éireann, atá dírithe ar thacú le dea-rialachas ar fud na hearnála, ríthábhachtach freisin maidir le treoir, oiliúint agus deiseanna líonraithe a chur ar fáil chun cleachtais dea-rialachais a neadú ag an leibhéal eagraíochtúil. Cuireadh tús le hiarrachtaí chun tionchar leibhéal na gcostas árachais atá ag ardú a mhaolú, agus tá athbhreithnithe breise beartaithe chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht leanúnach na n-athruithe reachtaíochta.

| Tag. | Gníomh |
|---|---|
| 4.1 | Acmhainní saincheaptha a forbairt chun cuidiú le líonraí barrthábhachtacha d'Oifigigh um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt, Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus Comhlachtaí Náisiúnta Rialachais Spóirt.<br>**Lean Spórt Éireann de thacaíocht a thabhairt dá líonra náisiúnta de 29 Oifigeach um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt ar fud na tíre. In 2023, rinneadh infheistíocht €910,000 chun níos mó daoine faoi mhíchumas a spreagadh agus a éascú chun páirt a ghlacadh sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil. Chomh maith leis sin, rinneadh dul chun cinn nach beag maidir le forbairt Pleananna Áitiúla Spóirt, agus tá tús á chur le pleananna a leathadh amach. Leanann Spórt Éireann freisin d'éascaíocht a dhéanamh ar réimse clár, líonraí, imeachtaí agus acmhainní agus d'iad a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais forbartha agus tacaíochta ar leith san earnáil.** |

| Tag. | Gníomh |
|---|---|
| 4.2 | Agus iad ailínithe leis an mbeartas náisiúnta um obair dheonach, acmhainní a fhorbairt chun tacú le bainistíocht oibrithe deonacha laistigh de Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus de Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt.<br><br>**I ndiaidh céim forbartha fairsing ar feadh creat ama an SAP, sheol Spórt Éireann a bheartas maidir le hObair Dheonach i mí Eanáir 2024. Déanann sé seo forbairt ar an Straitéis Náisiúnta maidir leis an Obair Dheonach sa Spórt (2021-2025) ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus is é an phríomhthosaíocht ná díriú ar aitheantas agus luach an cholúin oibrithe deonacha don earnáil spóirt. Tá sé beartaithe go mbunófar grúpaí oibre agus grúpaí forfheidhmithe chun na dea-chleachtais bharrthábhachtacha ar fud na hearnála a dheimhniú agus an bonn oibrithe deonacha a mhéadú.** |
| 4.3 | Tá na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt ar fad chun an Cód Rialachais don Spórt a ghlacadh roimh dheireadh na bliana 2021. Mar chuid den phróiseas seo, déanfaidh Spórt Éireann an oiliúint agus tacaíochtaí atá ag teastáil ó eagraíochtaí éagsúla a aithint agus a chur i bhfeidhm chun cuidiú leis an bpróiseas glactha.<br><br>**Faoi dheireadh na bliana 2023, ghlac 95% de Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt leis an gCód Rialachais don Spórt glactha.**<br>**Tá an Clár Forbartha Rialachais Gov-Enhance a seoladh i lár na bliana 2020 á reáchtáil i gcónaí agus áirítear gnéithe leis ar nós an ról atá ag líonraí ar leith, seimineáir, comhairle chomhairleachta, Deimhniú IPA Leibhéal 9 i Rialachas etc. Tá sraith tacaíochtaí agus acmhainní ar fáil ar láithreán gréasáin Spórt Éireann. Tá clár na n-eagraíochtaí a thug féindearbhú go gcomhlíonann siad an Cód ar fáil go poiblí freisin ar láithreán gréasáin Spórt Éireann.** |
| 4.4 | Tacú leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, leis na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus le comhlachtaí eile spóirt uirlisí meastóireachta a fhorbairt dá gcuid clár agus tionscnamh. Creataí meastóireachta a fhorbairt, ar creataí iad lena gcumasófar measúnú láidir (a) ar an tionchar atá ag áiseanna, cláir agus idirghabhálacha a chistítear go poiblí agus (b) ar a mhéid a chruthaítear naisc bhuana le clubanna áitiúla.<br><br>**Chruthaigh Spórt Éireann réimse Creataí Meastóireachta do chláir agus tionscnaimh ina n-úsáidtear daiseanna digiteacha chun dul chun cinn beartais a rianú. Forbraíodh Creat Meastóireachta Imeachtaí agus cuireadh é ar bun ar bhonn píolótach ag Corn Domhanda Cyclo-Cross. Chomh maith leis sin, rinneadh critéir scéime an Deontais Mheastóireachta don bhliain 2024 sa fhorbairt freisin. Chomh maith leis sin, rinne Spórt Éireann meastóireacht ar Chathracha Gníomhacha Maoinithe ag Cuntais Díomhaoine agus Cistí Nuálaíochta Spóirt.**<br><br>**D'fhorbair I-PARC trí fhoireann uirlisí: meastóireacht, cur i bhfeidhm agus cur chuige i leith córais, lena gcur ar fáil i riocht ceardlanna forbartha acmhainne.** |
| 4.5 | Fóraim rialta a thionól do pháirtithe leasmhara earnála spóirt chun cabhrú le sonraí praghsála árachais a thiomsú ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi láithreoireachtaí a thabharfaidh an tAire os comhair an Choiste Comh-aireachta um Athchóiriú Árachais gach sé mhí.<br><br>**Reáchtáladh fóram do pháirtithe leasmhara inar cuireadh léargais thábhachtacha praghsála earnála ar fáil. Tá níos mó fóraim beartaithe.** |

## 5. Áiseanna agus Imeachtaí

Le linn na gcomhairliúchán poiblí, léiríodh gur gá dul i ngleic go práinneach le leibhéil neamhghníomhaíochta fisiciúla i measc ár leanaí agus ár ndaoine óga agus gur gá go mbeadh comhoibriú níos láidre idir na hearnálacha oideachais agus spóirt. Chomh maith leis sin, tarraingíodh aird ar rannpháirtíocht níos fearr le pobail áitiúla.

Tionchar barrthábhachtach laistigh den Phlean Gníomhaíochta Spóirt ab ea imeacht do pháirtithe leasmhara a reáchtáil maidir leis an óige. Mar gheall ar an bpaindéim COVID-19, cuireadh an t-imeacht seo do pháirtithe leasmhara siar go dtí Bealtaine 2022, ach mar sin féin, reáchtáladh dhá imeacht níos lú ar líne roimh an imeacht i bpearsa. Ar deireadh thiar, reáchtáladh an t-imeacht i bpearsa ar Champas Spórt Éireann, ar lena linn a chuir thart ar 100 duine óg ó fud fad an oileáin a gcuid tuairimí agus léargais in iúl i ndáil le páirt a ghlacadh i spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil. Foilsíodh tuarascáil maidir leis an imeacht i mí na Nollag 2022.

| Ref. | Action |
|---|---|
| 5.1 | Fóram do pháirtithe leasmhara maidir leis an óige a thionól chun glacadh leis an gcreat straitéiseach a moladh sa Staidéar maidir le Rannpháirtíocht Leanaí sa Spóirt agus i nGníomhaíocht Fhisiciúil (CSPPA 2018) a threorú.<br><br>**Reáchtáladh an t-imeacht seo i mí na Bealtaine 2022 agus foilsíodh tuarascáil i mí na Nollag 2022.** |
| 5.2 | Agus aitheantas á thabhairt don ról tábhachtach atá ag  tuismitheoirí agus caomhnóirí i leith leanaí agus daoine óga agus don tionchar tábhachtach a imríonn siad orthu, cuirfidh na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta an fháil mhéadaithe ar imeachtaí pobail áitiúil atá inrochtana ag cách agus deiseanna spóirt áineasa atá oiriúnach do theaghlaigh chun cinn, go háirithe i bpobail tuaithe. Bunófar tuilleadh mol spóirt sa phobal ar fud na tíre.<br><br>**Trí Chiste na gCuntas Díomhaoin, chumasaigh Spórt Éireann seoladh deich mol spóirt pobail nua in 2021, aon cheann déag in 2022 agus cúig cinn in 2023. Mar gheall air sin, tá 76 mol spóirt pobail le fáil ar fud na tíre ó cuireadh tús le samhail an mhoil spóirt phobail in 2015.** |
| 5.3 | Ar aon dul leis an dearcadh conaire saoil ar cuid dhílis de na spóirt rannpháirtíochta tosaíochta faoin mBeartas Náisiúnta Spóirt é, cumhdach na gclár 'Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl', 'Cuir Muintir  na hÉireann ag Rothaíocht', 'Cuir Muintir na hÉireann ag Snámh' agus 'Cuir Muintir na hÉireann ag Rith' a leathnú chuig daoine de gach aois, agus béim ar leith á cur ar na riachtanais atá ag daoine scothaosta.<br><br>**Cuireadh maoiniú suntasach €1.5M ar fáil do na spóirt tosaíochta seo ar feadh na dtrí bliana. Trí mhaoiniú a thabhairt do na tionscnaimh seo, aithnítear an tábhacht a bhaineann leo chun daoine de gach aois, cúlra agus cumas a spreagadh le páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí barrthábhachtacha seo ar feadh an tsaoil. Mar shampla, seoladh an Straitéis Cuir Muintir na hÉireann as Siúl 2023-2027 sa bhliain 2023.Is tionscnamh de chuid Spórt Éireann é an tionscnamh Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl, atá tacaithe ag Éire na Sláinte agus ag Sléibhteoireacht Éireann.  Le chéile, tá sé mar aidhm ag Cuir Muintir na hÉireann ag Siúl agus a chomhpháirtithe níos mó daoine a chur ag siúl ar bhonn níos minice i gcomhair áineasa, iompar gníomhach agus sláinte, agus chun glacadh le siúl mar chuid dár ngníomhaíocht laethúil. Ina theannta sin, leanann Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann den bheart a dhéanamh i gcónaí maidir le Cuir Muintir na hÉireann ag Rith trína gcláir rannpháirtíochta, go háirithe i scoileanna.** |

| Ref. | Action |
|---|---|
| 5.4 | Beartas Áineasa Amuigh Faoin Spéir a chur chun feidhme agus infheistiú ann chun rannpháirtíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil amuigh faoin spéir a mhéadú i measc daoine de gach aois.<br><br>**Seoladh an Straitéis Náisiúnta Áineasa Faoin Aer 2023-2027 i mí na Samhna 2022 agus cuirtear creat straitéiseach, comhoibríoch ar fáil chun éascaíocht a dhéanamh ar fhás inbhuanaithe an áineasa faoin aer in Éirinn. Tá gníomhartha á gcur i gcrích ag Spórt Éireann i gcomhar le DRCD faoin Straitéis Téigh Amach Faoin Aer. Áirítear leis sin athbhreithniú a dhéanamh ar na roghanna traenála agus oideachais san earnáil áineasa faoin aer, cathaoirleacht a dhéanamh ar an bhfoghrúpa um iompraíocht fhreagrach trasearnála, éascaíocht a dhéanamh ar leathadh amach Oifigigh Áineasa Faoin Aer i sé cinn de Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus treoirlínte maidir leis an dea-chleachtas a fhorbairt. Mar atá leagtha amach in 2.4 thuas, sheol Spórt Éireann Éirigh Gníomhach in Éirinn freisin i ndeireadh na bliana 2023.** |

## 6. Pleananna agus Straitéisí

Tá an cur chuige ar tugadh faoi bunaithe ar an ngá atá le pleananna agus straitéisí atá claochlaitheach agus dírithe ar oibríocht chun forbairt an spóirt in Éirinn a threorú. Leagadh béim faoi leith ar thopaicí barrthábhachtacha ar nós inbhuanaitheacht agus rialachas.

Ag deireadh na bliana 2023, tháinig méadú (go 44%) suntasach ar leibhéal ionadaíochta na mban ar bhoird eagraíochtaí spóirt mhaoinithe, ar méadú é ar cuireadh fáilte roimhe. B'ionann an figiúr comhfhreagrach don bhliain 2019 agus 24%. Chomh maith leis sin, rinneadh dul chun cinn fónta maidir leis na Pleananna Áitiúla Spóirt a leathadh amach. Chomh maith leis sin, rinne Spórt Éireann máistirphlean fadtéarmach maidir le forbairt Champas Spórt Éireann a chur i gcrích agus a fhoilsiú (Samhain 2022). Foilsíodh Beartas um Mórimeachtaí freisin.

| Tag. | Gníomh |
|---|---|
| 6.1 | I dteannta pleananna gníomhaíochta comhionannais a fhorbairt, iarrfar ar na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta sprioc an Rialtais do Bhoird Stáit a bhaint amach faoi dheireadh na bliana 2023, is é sin le rá go mbeadh ionadaíocht 40% ar a laghad don dá inscne ann i gcomhaltas a mBord. Soláthrófar tacaíocht do chláir tiomnaithe oiliúna ceannaireachta do mhná, lena n-áirítear oiliúint a bhaineann le rialachas agus oiliúint theicniúil (cóitseáil, réiteoireacht agus bainistíocht foirne). Déanfaidh Spórt Éireann faireachán ar dhul chun cinn na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ar na spriocanna agus tuairisceoidh sé gach bliain ar cé acu atá nó nach bhfuil údar ann le bearta breise amhail cuótaí inscne.<br><br>**Leithdháileadh maoiniú €2m ar NGBnna in 2023 chun tacú le ceithre spriocréimse bharrthábhachtacha den Bheartas um Mná sa Spórt, i.e., Ceannaireacht & Rialachas, Rannpháirtíocht Ghníomhach, Infheictheacht, Cóitseáil agus a bheith i bhFeighil. D'úsáid NGBnna an maoiniú seo chun cláir thiomnaithe oiliúna ceannaireachta do mhná a chur ar fáil, lena n-áirítear oiliúint a bhaineann le rialachas agus oiliúint theicniúil (cóitseáil, réiteoireacht agus bainistíocht foirne). I ndeireadh na bliana 2023, bhain thart ar 76% de NGBnna na spriocanna amach maidir le cothromaíocht inscne 40% ag leibhéal an bhoird. Amhail mí na Nollag 2023, mná a bhí in 44% de chomhaltaí boird ar fud NGBnna, LSPnna/comhlachtaí maoinithe. Oibríonn Spórt Éireann i gcónaí le heagraíochtaí nach bhfuil an leibhéal riachtanach 40% bainte amach acu go fóill.** |

| Tag. | Gníomh |
|---|---|
| 6.2 | Oibreoidh Spórt Éireann i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla ar fud na tíre chun creat a cheapadh le haghaidh tacú le Pleananna Áitiúla Spóirt a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus comhoibriú leis na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta á chinntiú go háirithe.<br><br>**Rinneadh dul chun cinn nach beag maidir le forbairt Pleananna Áitiúla Spóirt, agus tá tús á chur le pleananna a leathadh amach agus a bheith i bhfeidhm go hiomlán le linn 2024 agus 2025. In 2023, d'oibrigh Spórt Éireann i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla chun creat a fhorbairt le haghaidh tacú le Pleananna Áitiúla Spóirt a fhorbairt agus a chur chun feidhme, d'fhonn comhoibriú leis na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta sa phróiseas a chinntiú.** |
| 6.3 | Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann 2021-2032 a chur chun feidhme, agus leas á bhaint as cineálacha athbhreithnithe cur chuige i leith infheistíocht spriocdhírithe feidhmíochta, forbairt cóitseála agus coinneáil.<br><br>**Rinne Spórt Éireann athbhreithniú ar a chur chuige i ndáil le hinfheistíocht i spórt ardfheidhmíochta chun maoiniú ilbhliantúil a chur ar fáil do NGBnna agus infheistíocht tosaíochta a chur ar fáil dóibh sin den acmhainneacht is airde. Chomh maith leis sin, cheap Spórt Éireann Ceannaire maidir le Cóitseáil Ardfheidhmíochta in 2023. Cuireadh leibhéal maoinithe ar fáil nár cuireadh ar fáil riamh (€89m) d'Fhoireann na hÉireann i ndáil le timthriall Chluichí Pháras.** |
| 6.4 | Máistirphlean nua 15 bliana a chur i gcrích do Champas Náisiúnta Spórt Spórt Éireann, lena n-áireofar tionscadail atá ar siúl agus ar na bacáin cheana féin, amhail cóiríocht do lúthchleasaithe agus veileadróm.<br><br>**Cheadaigh an Rialtas Máistirphlean 15 bliana do Champas Spórt Éireann agus seoladh é i mí na Samhna 2022.** |
| 6.5 | Tabharfaidh Spórt Éireann ceannaireacht le dea-shampla agus  taispeánfaidh sé tiomantas an spóirt don inbhuanaitheacht le linn tionscadail bhonneagair a fhorbairt ag an gCampas trí straitéis nua inbhuanaitheachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme don Champas. Beidh sé mar aidhm leis an Straitéis nua an inbhuanaitheacht a leabú i bpleanáil, dearadh, tógáil agus oibriú gach tionscadail nua bhonneagair ag an gCampas.<br><br>**Áirítear leis an Máistirphlean Campais dá dtagraítear in 6.4 thuas, agus a seoladh i mí na Samhna 2022, gealltanas láidir don inbhuanaitheacht agus é mar aidhm le fís an mháistirphlean inbhuanaitheacht agus athléimneacht chomhshaoil a neadú i ngach gné de phleanáil, leagan amach, tógáil agus feidhmiú Champas Spórt Éireann.  Tá obair ar bun go fóill maidir le leas a bhaint as straitéisí maidir le leagan amach éighníomhach agus foirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh ar fud an Champais, agus é sin tacaithe ag cur i bhfeidhm agus comhtháthú fuinneamh inathnuaite agus in-aisghabhála ar an láthair ar trí sin an ghlacfaidh Spórt Éireann páirt i ngealltanas an Rialtais  chun glan-astaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoin mbliain 2050   Ina theannta sin, cuireadh Treochlár Spórt Éireann maidir le Gníomhú ar son na hAeráide i gcrích in 2023.** |

| Ref. | Action |
|---|---|
| 6.6 | Forbairt a dhéanamh ar bheartas um imeachtaí idirnáisiúnta spóirt a óstáil, rud lena n-ailíneofar na hiarrachtaí de chuid comhlachtaí stáit, comhlachtaí rialaithe náisiúnta, údarás áitiúil agus gach páirtí leasmhair ábhartha eile lena chéile chun a chinntiú gur féidir le hÉirinn dul san iomaíocht leis na tíortha is fearr ar domhan agus sinn ag iarraidh mórimeachtaí a óstáil.<br><br>**I mí Iúil 2024, cheadaigh an Rialtas an Beartas agus Creat maidir le Mórimeachtaí Idirnáisiúnta Spóirt a fhoilsiú.** |
| 6.7 | Leanúint le dul i mbun teagmháil dhearfach ar bhonn Thuaidh-Theas chun cabhrú leis an spórt agus le gníomhaíocht fhisiciúil a sholáthar do gach duine ar an oileán agus chun gur féidir an dea-chleachtas agus rochtain ar shaoráidí a chomhroinnt. Déanfaidh Spórt Éireann iniúchadh ar na réimsí ina bhféadfaí tuilleadh ailíniúcháin straitéisigh a bhaint amach maidir leis an spórt a fhorbairt tuilleadh ar bhonn uile-oileáin, lena n-áirítear an fhéidearthacht atá ann comórtais nua uile-oileáin a reáchtáil ar an scothleibhéal agus ar an leibhéal áineasa, agus ar na deiseanna atá ann comhthairiscintí Thuaidh/Theas a chur isteach amach anseo le haghaidh comórtais idirnáisiúnta a óstáil.<br><br>**Lean Spórt Éireann, agus é ag obair i ndlúthchomhar le Spórt Thuaisceart Éireann, de thacaíocht a thabhairt do na Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe uile-oileáin éagsúla. Chomh maith leis sin, d'oibrigh Spórt Éireann agus Spórt Thuaisceart Éireann i gcomhar lena chéile maidir le Ráiteas Comhaontaithe Fisiciúil Uile-Oileáin a fhorbairt, a seoladh sa bhliain 2022.** |

## 7. Taighde agus Meastóireacht

I ndeireadh na bliana 2021, d'fhoilsigh Spórt Éireann a Straitéis Taighde don tréimhse 2021-2027, inar leagadh amach cúig sprioc straitéiseacha. Taighde Dírithe, Comhoibriú Fiúntach, Cumas Chomhchoiteann, Eolas Feidhmeach agus Barr Feabhais Taighde. Mar gheall ar an straitéis seo, cuirtear Spórt Éireann ar thús cadhnaíochta maidir le heolas a ghiniúint agus a fheidhmiú, ar trí sin a chuirtear beartas agus cleachtas fianaisebhunaithe chun cinn ar fud na hearnála spóirt.

Mar gheall ar iarrachtaí taighde agus meastóireachtaí, cuireadh léargais ríthábhachtacha ar fáil maidir le dúshláin i ndáil le rannpháirtíocht agus éifeachtacht idirghabhálacha. Baineann 4 ghníomh leis an réimse téamach i ndáil le tosaíochtaí taighde agus meastóireachta.

In 2022, mar gheall ar Athbhreithniú Caiteachais ar an gClár Caipitil agus Trealaimh Spóirt, dearbhaíodh éifeachtúlacht agus trédhearcacht an chláir. Ina theannta sin, rinneadh dul chun cinn nach beag i ndáil le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA (SDGnna), a ailíniú leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt le linn shaolré an Phlean Gníomhaíochta Spóirt, a raibh tuarascáil chuimsitheach léarscáilithe ina toraidh air agus a sheol Spórt Éireann i mí na Bealtaine 2024.

| Tag. | Gníomh |
|---|---|
| 7.1 | Forbairt a dhéanamh ar straitéis taighde don spórt, lena n-áirítear stór taighde agus sonraí spóirt ar líne.<br><br>**I mí na Nollag 2021, seoladh Straitéis Taighde Spórt Éireann 2021-2027 . Tá an straitéis bunaithe ar chúig sprioc straitéiseacha, lena n-áirítear taighde dírithe agus comhoibriú fiúntach agus aithnítear conas is féidir linn, mar earnáil, léargais a ghiniúint, a ghabháil agus a chomhroinnt chun tuiscint níos fearr a fháil ar na ceisteanna beartais bharrthábhachtacha maidir le spórt d'fhonn réitigh níos fearr a fhorbairt i dtaca leis na dúshláin a fhéachaimid le aghaidh a thabhairt orthu.** |

| Tag. | Gníomh |
|---|---|
| 7.2 | Ar aon dul leis an Straitéis Náisiúnta do Dhaoine Óga LADTI+, agus chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar na bacainní atá roimh dhaoine LADTI+ sa spórt, tionchar na n-uirlisí náisiúnta taighde amhail Monatóir Spóirt na hÉireann agus foinsí eile a leathnú chun cur leis an tuiscint atá againn ar na saincheisteanna a bhaineann le rannpháirtíocht/neamh-rannpháirtíocht sa spórt i measc grúpaí imeallaithe amhail daoine faoi mhíchumas, mionlaigh eitneacha, daoine den phobal LADTI+, etc.<br><br>**Rinne Spórt Éireann for-rochtain uirlisí náisiúnta taighde a leathnú chun cur leis an tuiscint atá againn ar na saincheisteanna a bhaineann le rannpháirtíocht/neamh-rannpháirtíocht sa spórt i measc grúpaí imeallaithe amhail daoine faoi mhíchumas, mionlaigh eitneacha, daoine den phobal LADTI+, etc. Mar shampla, tugadh faoi thaighde bhreise in 2021 mar chuid den ISM i ndáil le rannpháirtíocht i spórt agus ballraíocht i gclub i measc daoine den phobal LADTI+. Chomh maith leis sin, rinneadh tomhas ar an mbraistint i dtaca le cuimsitheacht i gclubanna spóirt i measc grúpaí mionlaigh, lena n-áirítear LADTI+. De bhreis air sin, tá bearta déimeagrafacha curtha san áireamh anois san ISM agus sa Staidéar ar Rannpháirtíocht Leanaí sa Spórt agus i nGníomhaíocht Fhisiciúil (CSPPA) chun sonraí a ghabháil maidir le míchumas, eitneacht, gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne agus stádas socheacnamaíoch.** |
| 7.3 | Athbhreithniú Luach ar Airgead a dhéanamh ar an gClár Caipitil agus Trealaimh Spóirt agus a chinntiú go gcuirfear aon mholtaí a thiocfaidh as an Athbhreithniú sin san áireamh i mbabhtaí bliantúla amach anseo den chlár.<br><br>**Tugadh faoi Athbhreithniú ar Chaiteachas don SCEP agus foilsíodh é in 2022.** |
| 7.4 | Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann leis an obair idirnáisiúnta ina dtomhaistear an rannchuidiú a dhéanann an spórt, an corpoideachas agus gníomhaíocht fhisiciúil le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna), agus chun gné chearta an duine den spórt a choinneáil chun tosaigh, na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a léarscáiliú laistigh den Bheartas Náisiúnta Spóirt.<br><br>**Chuir Spórt Éireann píosa taighde agus léarscáiliú tuarascála fairsing den Bheartas Náisiúnta Spóirt i dtaca le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe i gcrích. Tá sé seo ina léiriú ar an tábhacht a bhaineann leis an obair idirnáisiúnta chun tomhas a dhéanamh ar an rannchuidiú a dhéanann an spórt, an corpoideachas agus gníomhaíocht fhisiciúil le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna), agus chun gné chearta an duine den spórt a choinneáil chun tosaigh.** |

# Iarscríbhinn 3
# Gníomhartha

| 1 | Infheistíocht i Spórt | | |
|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Treoraí** | **Páirtithe Leasmhara** |
| 1. | D'fhonn feabhas a chur ar chumas pleanála agus cobhsaíocht oibríochta ár gcomhlachtaí spóirt, cuirfimid cur chuige ilbhliantúil i bhfeidhm i ndáil le leithdháiltí maoinithe lárnacha do chomhlachtaí spóirt, ag brath ar sholáthar an bhuiséid agus go gcloífeadh na comhlachtaí spóirt ar bhonn leanúnach leis na riachtanais rialachais atá i bhfeidhm. | DTCAGSM/ Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 2. | D'fhonn tuilleadh comhoibriú idir réimse spóirt dhifriúla a chur chun cinn, iniúchadh a dhéanamh ar an ról agus na tairbhí comhroinnte a d'fhéadfadh a bheith i gceist le comhchiste tiomnaithe a chur ar bun, lena n-áirítear an bhaint a d'fhéadfadh bheith ag gnónna nó deontóirí aonair nó ó dhaonchairdeas i gcoitinne. | Cónaidhm Spóirt na hÉireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 3. | Eolas agus acmhainn na hearnála a chur chun cinn agus a fhorbairt chun leas a bhaint as deiseanna maoinithe spóirt i gcláir de chuid an AE (ERDF, ESF+, Erasmus+, SHARE). | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 4. | Iniúchadh a dhéanamh ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith i gceist le Cuntais Satailíte a fhorbairt don earnáil spóirt d'fhonn tuiscint ar a luach do gheilleagar na hÉireann a mhéadú. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |

| 2 | Rannpháirtíocht Ghníomhach agus Shóisialta | | |
|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Treoraí** | **Páirtithe Leasmhara** |
| 5. | Tacaíocht a thabhairt do leathadh amach Pleananna Spóirt Áitiúla i ngach aon limistéar Údaráis Áitiúil, ag teacht le cur chuige comhairleach, fís agus cuspóirí a leagtar síos sa Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 6. | Níos mó deiseanna chun oibriú go deonach mar aon le ballraíochtaí sóisialta agus imeartha i gclub spóirt a éascú agus a chur chun cinn trí thacú le níos mó comhoibriú idir NGBnna, LSPnna agus eagraíochtaí spóirt phobalbhunaithe ar nós na moil spóirt pobail, ionaid d'oibrithe deonacha áitiúla agus seirbhísí óige. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 7. | Tús áite a thabhairt don laghdú i rannpháirtíocht i measc déagóirí agus aosaigh óga a laghdú trí thionscadal comhoibríoch tras-spóirt le NGBnna (laistigh/lasmuigh/foirne/aonair) agus LSPnna ar leith chun iniúchadh a dhéanamh ar dhóigheanna chun rannpháirtíocht leanúnach daoine óga a chur chun cinn ar feadh meascán éagsúil spóirt i dtimpeallachtaí pobail agus oideachais araon. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 8. | Plean um Litearthacht Fhisiciúil 2024-2028 a fhorbairt chun comhairle a thabhairt maidir le cláir um litearthacht fhisiciúil a leathadh amach do dhéagóirí agus aosaigh óga i dtimpeallachtaí pobail agus oideachais araon. | Spórt Éireann/ An Roinn Oideachais | All Relevant Stakeholders |
| 9. | Ag féachaint le cuspóirí straitéiseacha Bheartas Spórt Éireann maidir leis an Obair Dheonach a Spórt, iniúchadh a dhéanamh ar an acmhainn chun clár oiliúna creidiúnaithe, roghnach maidir le hoibrithe deonacha a bhainistiú lena chur san áireamh agus lena bhailíochtú ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. | Obair Dheonach Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |

| Tag. | Gníomh | Treoraí | Páirtithe Leasmhara |
|---|---|---|---|
| 10. | Bearta agus tionscnaimh a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na grádáin shuntasacha rannpháirtíochta i measc daoine ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, daoine faoi mhíchumas, an pobal LADT+, an Pobal Taistealaithe agus mionlaigh eitneacha eile. Leas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil ón gclár ESF+ nua, Sport 4 Empowerment', a bheidh ina phríomhchuid dár straitéis forfheidhmithe. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 11. | Treoir agus tacaíocht a chur ar fáil d'eagraíochtaí spóirt chun rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas a mhéadú i róil mar oibrithe deonacha i spórt. Infheictheacht na ndeiseanna seo mar oibrí deonach a fheabhsú. | Spórt Éireann | |
| 12. | An Plean Náisiúnta Snámha a chur i bhfeidhm. | DTCAGSM/ Spórt Éireann | |
| **3** | **Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú** | | |
| **Tag.** | **Gníomh** | **Treoraí** | **Páirtithe Leasmhara** |
| 13. | Ceannasaí Míchumas sa Spórt a cheapadh laistigh de Spórt Éireann chun ceannaireacht fhócasaithe agus infheistíocht dhírithe a chur ar fáil d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na spriocanna NSP do rannpháirtíocht mhéadaithe i measc daoine a bhfuil breoiteacht fhadtéarmach orthu nó atá faoi mhíchumas. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 14. | Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige reatha i ndáil le spórt do dhaoine faoi mhíchumas a sholáthar d'fhonn bearta agus dreasachtaí feabhsaithe a fhorbairt chun níos mó deiseanna rannpháirtíochta a chur chun cinn. | DTCAGSM/ Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 15. | Glacadh NGBnna agus LSPnna le Bunachar Sonraí Éirigh Gníomhach in Éirinn a fhorbairt agus a neartú agus cur chuige trasearnála i leith comhroinnt sonraí a chur chun cinn ar mhaithe le cách a bhfuil spéis acu páirt a ghlacadh i spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 16. | Feidhm a bhaint as Bunachar Sonraí Éirigh Gníomhach in Éirinn de shaoráidí agus conláistí spóirt agus áineasa trí ardáin cumarsáide líonmhara atá saincheaptha do ghrúpaí agus pobail eitneacha chun próifíl agus infheictheacht deiseanna rannpháirtíochta ionchuimsitheacha a mhéadú. Tabharfar tús áite d'imeascadh rathúil daoine atá nua sa phobal ina bpobail áitiúla spóirt sa chomhthéacs seo. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 17. | Beartais agus Pleananna Gníomhaíochta Spórt Éireann a chur i bhfeidhm maidir le hÉagsúlacht agus Ionchuimsiú, Rannpháirtíocht daoine faoi Mhíchumas i Spórt, agus Mná i Spórt. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 18. | A chinntiú go ndéantar ionadaíocht inscne 40% ar bhoird eagraíochtaí náisiúnta spóirt a bhaint amach agus a choinneáil araon le 50% de mhaoiniú Stáit (seachas Mná i Maoiniú Spóirt) a choinneáil siar ó Chomhlachtaí Náisiúnta Rialaithe agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt chomh fada leis an tráth a mbaintear ionadaíocht inscne 40% amach. | DTCAGSM | Gach Páirtí Leasmhar |

| 4 | Áiseanna agus Imeachtaí | | |
|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Treoraí** | **Páirtithe Leasmhara** |
| **19.** | Infheistíocht a dhéanamh i ndeontais chaipitil agus trealaimh spóirt ísealchostais chun trealamh spóirt buan a cheannach agus a shuiteáil a d'fhéadfaí a lonnú ar thalamh a bheidh ar fáil don phobal le húsáid a bhaint as. In éineacht leis an infheistíocht seo, cuirfear maoiniú ar fáil chun cóngas leis an dúlra a chur chun cinn agus leagfar béim faoi leith ar thacú le bithéagsúlacht na gcomhshaol ar thalamh dá leithéid. | DTCAGSM | Gach Páirtí Leasmhar |
| **20.** | D'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar na riachtanais ar leith atá ag mná agus cailíní in áiseanna agus spásanna spóirt, taighde a dhéanamh ar an deis chun feabhsuithe ar leagan amach a thabhairt isteach. | DTCAGSM | Gach Páirtí Leasmhar |
| **21.** | Tabhairt faoi anailís ar éileamh ar scéimeanna tacaíochta caipitil reatha d'fhonn an leibhéal maoinithe atá ag teastáil a fháil amach chun leibhéil éilimh reatha agus amach anseo in eagraíochtaí spóirt, cineálacha agus cohóirt spóirt sa daonra a ndearnadh tearcionadaíocht orthu go dtí seo a chomhlíonadh. Beidh ábhar na sonraí agus ról Éirigh Gníomhach in Éirinn mar chuid den anailís seo. | DTCAGSM | Gach Páirtí Leasmhar |
| **22.** | Clár forbartha caipitil marthanach, ilbhliantúil a chur i bhfeidhm d'fhonn fíorú céimnitheach Fís Mháistirphlean Champas Spórt Éireann a bhaint amach, a chuirfear in ord tosaíochta i gcomhréir le riachtanais lúthchleasaithe agus fás an spóirt in Éirinn. | DTCAGSM/ Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| **23.** | Tar éis foilsiú an Chreat Beartais agus Straitéise um Mórimeachtaí Idirnáisiúnta Spórt, iniúchadh a dhéanamh ar roghanna i dtaca le critéir leagáide ar leith sa phróiseas measúnaithe agus imeachtaí a chur ar fáil d'fhonn tairbhí rannpháirtíochta leanúnacha a uasmhéadú. | DTCAGSM | Gach Páirtí Leasmhar |
| **24.** | Scéim maoinithe a bhunú chun tacú le himeachtaí idirnáisiúnta spóirt ar scála níos lú a óstáil. | DTCAGSM/ Sport Ireland | Gach Páirtí Leasmhar |

| 5 | Spórt agus Oideachas | | |
|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Treoraí** | **Páirtithe Leasmhara** |
| **25.** | Tacaíocht a thabhairt d'fhás agus forbairt an chláir "Bratach Scoile Gníomhaí" ag an leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile. | An Roinn Oideachais | Gach Páirtí Leasmhar |
| **26.** | LSPnna agus NGBnna a spreagadh chun oibriú i gcomhar le gach scoil, lena n-áirítear scoileanna atá rannpháirteach sa chlár "Bratach Scoile Gníomhaí". | Spórt Éireann | All Relevant Stakeholders |
| **27.** | An úsáid a bhaintear as áiseanna spóirt scoileanna a mhéadú trí chur chun cinn dhoiciméad na Nósanna Imeachta maidir le Foirgnimh Scoile agus Áiseanna Spóirt Scoile a úsáid lasmuigh d'Uaireanta Scoile, ar trí sin a chuirfear le feasacht agus a fheabhsófar rochtain do phobail áitiúla. | | Gach Páirtí Leasmhar |
| **28.** | Príomh-chomhordaitheoir laistigh de Spórt Éireann a aithint a bheidh in ann dul i dteagmháil le LSPnna agus NGBnna agus cuidiú leo ina gcuid cumarsáide le scoileanna maidir le tionscnaimh gníomhaíochta coirp, lena n-áireofar cumarsáid le "Bratach Scoile Gníomhaí" agus scoileanna atá rannpháirteach sa chlár sin. | | Gach Páirtí Leasmhar |
| **29.** | Dul i gcomhairle le scoileanna agus páirtithe leasmhara ábhartha, chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le treoir i dtaca le cultacha bunscoile agus iar-bhunscoile le cumas foghlaimeoirí a fheabhsú chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht choirp ar feadh an lae scoile. | An Roinn Oideachais | Gach Páirtí Leasmhar |
| **30.** | Tuarascáil a chur le chéile agus moltaí a thagann chun cinn ón bhFóram Náisiúnta maidir le Corpoideachas a bhreithniú. | An Roinn Oideachais | Gach Páirtí Leasmhar |

| 6 | Spórt agus Inbhuanaitheacht | | |
|---|---|---|---|
| Tag. | Gníomh | Treoraí | Páirtithe Leasmhara |
| 31. | D'fhonn forbairt a dhéanamh ar obair ar tugadh fúithi cheana féin maidir leis an NSP a léarscáiliú do SDGnna na NA, Grúpa Oibre um Inbhuanaitheacht Spóirt agus Chomhshaoil a bhunú chun cuidiú le forbairt agus cion oibre na hearnála, agus í a threorú agus a bharrfheabhsú i ndáil leis an tionchar a imrítear ar an aeráid mar gheall ar rannpháirtíocht ghníomhach i spórt agus mar gheall ar thaisteal lucht leanúna a laghdú. | DTCAGSM | Gach Páirtí Leasmhar |
| 32. | Comhdháil um Inbhuanaitheacht Spóirt agus Chomhshaoil a thionól chun na príomhdhúshláin a thagann chun cinn i dtaca le spórt a aithint agus a bhreithniú d'fhonn eolas a chur ar fáil don Ghrúpa Oibre um Inbhuanaitheacht Spóirt agus Chomhshaoil maidir leis na príomhthascanna a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu chun ábhar treorach éifeachtach a fhorbairt. | DTCAGSM | Gach Páirtí Leasmhar |
| 33. | Modheolaíochtaí a chur ar bun chun inbhuanaitheacht chomhshaoil a chur chun cinn laistigh den earnáil spóirt i gcomhréir le dea-chleachtais an AE, trí leas a bhaint as líonraí reatha chun úsáid a bhaint as dea-chleachtais, iad a mhonatóiriú, iad a thuairisciú agus iad a mhalartú. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 34. | Cuidiú le heagraíochtaí spóirt, Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt san áireamh, chun pleananna inbhuanaitheachta a fhorbairt maidir leis an lorg carbóin a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí a laghdú, lena n-áirítear rannpháirtíocht agus freastal ar a gcuid imeachtaí spóirt. | | Gach Páirtí Leasmhar |
| 35. | Athbhreithniú a dhéanamh ar fhorálacha inbhuanaitheachta reatha i scéimeanna maoinithe caipitil spóirt Roinne agus coigeartuithe riachtanacha a chur i bhfeidhm i mbabhtaí i ndiaidh a chéile d'fhonn an dea-chleachtas a chinntiú i ndáil le hinbhuanaitheacht chomhshaoil. | | Gach Páirtí Leasmhar |
| 36. | I gcomhréir leis an mBeartas agus Creat Straitéiseach do Mhórimeachtaí Idirnáisiúnta Spóirt, cur chuige a chur i bhfeidhm maidir le himeachtaí dá leithéid a mhealladh agus a reáchtáil in Éirinn chun cur le tairbhí inbhuanaitheachta agus leagáide do spórt agus d'earnálacha gaolmhara ar nós na turasóireachta le linn na tionchair a bhaineann leis sin don aeráid ar nós astaíochtaí iompair, giniúint dramhaíola agus tógáil áiseanna nua spóirt a íoslaghdú. | DTCAGSM | Gach Páirtí Leasmhar |
| 37. | Treoir a fhorbairt maidir le hoiriúnú don athrú aeráide i dtaca le forbairt bhonneagair agus i dtaca le gníomhaíocht spóirt ina dtugtar aghaidh ar athruithe ar theocht, ar fhrasaíocht agus ar an mbaol tuilte. | DTCAGSM | Gach Páirtí Leasmhar |

| 7 | Rialachas agus Forbairt Acmhainne | | |
|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Treoraí** | **Páirtithe Leasmhara** |
| 38. | Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an gCód Rialachais do Spórt ar bhonn leanúnach d'fhonn treochtaí nua rialtais a chur san áireamh. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 39. | Straitéis chuimsitheach do lucht saothair na hearnála spóirt a fhorbairt atá dírithe ar oideachas agus deiseanna foghlama agus forbartha a fheabhsú chun tacú le cobhsaíocht agus acmhainneacht struchtúrtha. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 40. | Bearta a chur i bhfeidhm chun inniúlacht agus acmhainn na hearnála a chur chun cinn agus forbairt a dhéanamh orthu, i réimsí maidir leis an aistriú digiteach, margaíocht agus cumarsáid, urraíocht, rialachas, bainistiú imeachtaí agus cláir agus eispéiris agus seirbhísí bhaill agus oibrithe deonacha NGB a nuachóiriú. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 41. | Tacú le hiarrachtaí san earnáil maidir le líon na mban a bhíonn i mbun réiteoireachta agus cóitseála a mhéadú (go háirithe i dtaca le spórt ardfheidhmíochta), lena n-áirítear múinteoirí baineanna i scoileanna. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 42. | Leanúint i mbun tús áite a thabhairt d'acmhainní oiliúna a chur ar fáil chun tacú le taighde agus creataí agus uirlisí meastóireachta a fhorbairt. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 43. | Glacadh leis an Teimpléad don Chód Iompair Náisiúnta a chur chun cinn agus a mhonatóiriú chun cultúr maidir le meas, ionracas agus cothromaíocht a chothú, lena n-áirítear Grúpa Oibre um Meas a Thabhairt d'Oifigigh ionadaíoch a bhunú chun cur le meas ar fud gach spóirt. | Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |

| 8 | Idirnáisiúnta | | |
|---|---|---|---|
| **Tag.** | **Gníomh** | **Treoraí** | **Páirtithe Leasmhara** |
| 44. | D'fhonn forbairt a dhéanamh ar iománaíocht agus camógaíocht a bheith ainmnithe ag UNESCO ar an Liosta Ionadaíoch d'Oidhreacht Chultúir Dholáimhsithe an Chine Daonna, cosaint agus forbairt na gcluichí seo a chur chun cinn sa tír seo agus go hidirnáisiúnta, go háirithe i scoileanna, clubanna agus limistéir nach bhfuil na cluichí róláidir iontu nó nach bhfuil siad á n-imirt faoi láthair. | DTCAGSM | Gach Páirtí Leasmhar |
| 45. | Tá Éire le bheith ina ball de Pháirt-Chomhaontú Méadaithe maidir le Spórt ón gCoimisiún Eorpach d'fhonn cur le dialóg iltaobhach idir údaráis phoiblí, cónaidhmeanna spóirt agus NGOnna agus tairbhe a bhaint as sin. Trí sin, cuirfear le rialachas níos fearr, d'fhonn an aidhm a bhaint amach le go mbeadh spórt níos eiticiúla, níos ionchuimsithí agus níos sábháilte. | DTCAGSM | Gach Páirtí Leasmhar |
| 46. | Eagraíochtaí náisiúnta spóirt a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun ionadaíocht ina gcónaidhmeanna spóirt idirnáisiúnta a lorg agus a choinneáil, nuair is cuí. | DTCAGSM/ Spórt Éireann | Gach Páirtí Leasmhar |
| 47. | Iniúchadh a dhéanamh ar an bhfiúntas agus féidearthacht atá le gníomhaireacht neamhspleách frithdhópála a bhunú agus breithniú a chur chun cinn go síneodh agus go ndaingneodh Éire Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa ar Chomórtais Spóirt a Chúbláil. | DTCAGSM | Gach Páirtí Leasmhar |